Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 26

# Oideachas

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais, ar sheirbhísí áirithe atá a riar ag an Oifig agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €27.843 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

***Aistriú feidhmeanna***

Aistríodh na feidhmeanna leasa oideachais arna n-oibriú ag TUSLA ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige go dtí an Roinn Oideachais le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

*An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte*

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar. Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe cuí a fheidhmiú maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar sa Roinn seo.

*An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta*

Tá seirbhís chomhroinnte á cur ar fáil ag an Roinn don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta thar roinnt réimsí gnó agus corparáideacha. Cuireadh muirear barúlach i bhfeidhm faoi Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara chun úsáid na sócmhainní agus na gcostas is inchurtha i leith na seirbhíse comhroinnte a léiriú.

Tá na socruithe lena rialaítear na seirbhísí comhroinnte seo faoi réir próiseas comhfhorbartha leanúnaí agus comhthaifeadta leanúnaigh. Áirítear leis sin comhaontuithe a comhaontaíodh idir an dá Roinn ina leagtar amach na socruithe rialachais, soláthar seirbhíse, ceanglais tuairiscithe maidir le Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais agus Seirbhísí TF, pleanáil caipitil agus seirbhísí clár agus feidhmeanna a bhaineann le hairgeadas.

*An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige*

Is comhlacht faoi choimirce na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige é TUSLA a sholáthraíonn seirbhísí oideachais don Roinn Oideachais. Tá socruithe na Roinne chun na seirbhísí sin a rialú leagtha amach i gcomhaontuithe a chomhaontaítear idir an dá Roinn agus TUSLA.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht cheartaitheach chuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann a bhfuil buiséad bliantúil aige a bhíonn faoi athbhreithniú leanúnach ag an lucht ardbhainistíochta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochtaí caipitil agus disciplín fhoirmiúil um bainistíocht tionscadail
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

***Iniúchadh inmheánach, Iniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus pearsana a bhfuil an oiliúint chuí orthu ag obair inti agus iad ag feidhmiú de réir cairt scríofa. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu bonn eolais faoina cuid oibre, agus is ar an anailís sin a bhunaítear na beartais iniúchóireachta inmheánaí. Is é is cuspóir do na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanann an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar moltaí atá ar áireamh i dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh a rianú chun gur féidir leis an lucht bainistíochta iad a chur chun feidhme.

Rannóg laistigh d’Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí an Aontais Eorpaigh is ea Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa agus tá sé neamhspleách ó thaobh feidhme agus oibríonn sé de réir a chairte scríofa féin. Tuairiscíonn sé don Choimisiún Eorpach maidir le seoladh a chláir iniúchóireachta maidir le ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh i dtaca le bainistíocht, rialú agus iniúchadh chistí Chiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn. Ós rud é go bhfuil Ciste Sóisialta na hEorpa á bhainistiú ag aonad laistigh den Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais agus Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (Vóta 45), tuairiscíonn Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí an Aontais Eorpaigh do Choiste Iniúchóireachta na Roinne sin de réir a Chairte.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gcúrsaí soláthair agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte soláthair ábhartha. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás ceithre chonradh (os cionn €25,000), arbh fhiú €524,154 (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.

- Ceithre chonradh sa raon luacha €50,000 go €100,000 arbh fhiú €273,470 san iomlán iad i ngeall ar chonarthaí a bheith á dtabhairt ar aghaidh ar chúiseanna leanúnachais gnó go dtí go gcuirfear tús le próiseas tairisceana.

- Creat de chonarthaí arbh fhiú €250,684 iad inar cuireadh síneadh leis na conarthaí ar chúiseanna leanúnachais gnó go dtí go dtabharfar conarthaí nua chun críche.

Tá athbhreithniú gníomhach á dhéanamh ar gach cás agus tá bearta á ndéanamh nuair is féidir. Lena chois sin, tá an Roinn réamhghníomhach sa chlár um athchóiriú soláthair agus tá sí ag tapú na deise chun conarthaí agus creataí láraithe a úsáid nuair is cuí.

Chuir an roinn sonraí 20 conradh neamhiomaíoch ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí ann lena sonraítear na príomhrioscaí a bhíonn ag an Roinn agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a thábhachtaí atá siad. Síníonn Ceann an Aonaid Ghnó na rioscaí agus tugann an ball den Bhord Bainistíochta atá freagrach as an réimse gnó sin ar aird iad. Tugann mionsonraí sa chlár maidir leis na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus úsáidtear an clár, in éineacht le próisis eile ábhartha, chun a chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú nó a mhaolú.

Ina theannta sin, tá Coiste Riosca ag an Roinn, a chabhraíonn liomsa agus leis an mBord Bainistíochta a bhfreagrachtaí bainistíochta riosca a chomhlíonadh. Tá roinnt feidhmeanna ag an gcoiste riosca, lena n-áirítear

- beartas agus caighdeáin bhainistíochta riosca a shainiú agus a chothabháil chun rioscaí corparáideacha a bhainistiú
- a chinntiú go ndéantar róil agus freagrachtaí as bainistíocht riosca a shainiú agus a chur in iúl go soiléir ar fud na Roinne
- athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí nua a bhfuil rátáil riosca meánach (ómra) nó ard (dearg) acu agus na maoluithe beartaithe
- tuarascálacha tréimhsiúla a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta ina ndéantar achoimre ar stádas an chláir bainistíochta riosca agus
- aird a tharraingt ar mhór-réimsí riosca (más ann dóibh).

Leagtar amach i gcreat rialachais na Roinne na nósanna imeachta, na próisis agus na prionsabail rialachais atá mar bhonn agus thaca ag obair na Roinne. Coinnítear é faoi athbhreithniú leanúnach.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur iúl do na daoine sin a bhfuil freagracht orthu as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh shainaitheanta.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus le rialú. Is é obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair an lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil atá mar bhonn leis an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Slándáil TFC***

Tá tiomantas láidir ag an Roinn do shlándáil a córais TFC agus cuireann sí prótacail agus bearta cibearshlándála iomadúla chun feidhme chun rioscaí slándála d'fhaisnéis, do chórais ríomhaireachta, do mhaoin fhisiciúil agus do shócmhainní eile a sheachaint, a bhrath agus a leigheas agus chun cur ina n-éadan.

Faigheann prótacail chibearshlándála na Roinne tacaíocht ó obair an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála agus na Foirne Náisiúnta um Fhreagairt ar Theagmhais Slándála Ríomhaireachta (CSIRT), a sholáthraíonn luathrabhaidh, foláirimh, fógraí agus scaipeadh faisnéise faoi riosca agus eachtraí ar an Roinn.

Faigheann an Roinn tacaíocht freisin ó shaineolas slándála ó roinnt eagraíochtaí slándála tríú páirtí. Tá cáilíochtaí slándála ag baill foirne ábhartha TFC agus déanann an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí athbhreithniú ar shocruithe slándála TFC.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, ceanglaíodh ar fhoireann na Roinne oibriú ón mbaile go príomha le linn na bliana 2021. Rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí measúnú ar thionchar phaindéim Covid-19 ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus ar shlándáil mhóibíleach le linn R4 2020 agus R1 2021. Cuireadh torthaí na measúnuithe sin faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta an 24 Márta 2021. Thug na measúnuithe sin dearbhú réasúnach dom go raibh na rioscaí rialaithe airgeadais á mbainistiú ar bhealach leordhóthanach agus go bhfuil siad fós á mbainistiú ar bhealach leordhóthanach. Lean an Roinn freisin d'úsáid a bhaint as doiciméadú leictreonach chun críocha rian iniúchóireachta agus éifeachtúlacht oibre agus ní raibh aon tionchar aige sin ar rialuithe inmheánacha airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí ar an rialú inmheánach airgeadais sa Roinn in 2021 ba chúis le caillteanais is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

***Seirbhísí comhroinnte párolla***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte atá freagrach as rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte a oibriú.

Tá litir faighte agam ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ina dtugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme an phróisis dearbhaithe iniúchóireachta agus tuairiscítear torthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, leitheadúlacht agus oibriú na rialuithe dom mar atá leagtha amach sa litir sin.

Is foinse dearbhaithe dom é an córas rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscigh an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dom.

***Rialachas corparáideach na hearnála oideachais***

Tá na haon chomhlacht stáit déag atá faoi choimirce na Roinne Oideachais á bhformhaoirsiú ag rannóga beartais ábhartha laistigh den Roinn, a fhaigheann tacaíocht ó Rannóga ábhartha eile ar fud na Roinne, lena n-áirítear Aonad Rialachais Earnála na Roinne.

Is ar an mBord agus ar Chathaoirleach an Bhoird i dtrácht ar an gcéad dul síos atá an fhreagracht as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh. Is gnách go mbíonn an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí atá faoina coimirce bunaithe orthu seo:

- bunús reachtach an chomhlachta, agus
- *An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* 2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i gcomhar leis na hiarscríbhinní tacaíochta a ghabhann leis an gcód sin.

Le linn 2021, lean an Roinn Oideachais de phróiseas athbhreithnithe fhoirmiúil a chur i bhfeidhm, mar atá an Tuairisceán Dearbhaithe Comhlíonta (CAR), chun cuidiú leis an Roinn a bheith cinnte faoin méid a chloíonn na comhlachtaí faoina coimirce atá laistigh dá raon feidhme le croí-chomhpháirteanna Chód Cleachtais 2016. Thug an próiseas athbhreithnithe sin dearbhú freisin faoin méid atá na comhlachtaí faoina coimirce ag comhlíonadh na gceanglas rialachais agus reachtúil atá ag teacht chun cinn.

Úsáidtear an t-ábhar rialachais a bhailítear ón bpróiseas tuairisceán dearbhaithe freisin chun cur ar chumas na Roinne tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar chláir oibre chuí rialachais lena gcur i bhfeidhm sna blianta amach romhainn. Tá sé beartaithe go bhfanfaidh an tuairisceán dearbhaithe mar ghné den chlár oibre um fhormhaoirseacht rialachais in 2022. Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag obair leis na comhlachtaí atá faoina coimirce chun a chinntiú, nuair is cuí, go gcomhlíontar na coinníollacha formhaoirseachta atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil comhaontuithe láidre soláthair feidhmíochta nó a gcoibhéisí i bhfeidhm do gach comhlacht. Mar is cuí, oibríonn an Roinn leis na comhlachtaí atá faoina coimirce chun a chinntiú go ndearnadh comhaontú agus taifeadadh ar mhaoluithe am-teoranta nó maoluithe iomlána ar ghnéithe den Chód chun ceanglais 'comhlíon nó mínigh' an chóid a shásamh.

Laistigh den earnáil oideachais i gcoitinne, tá cóid chleachtais earnála i bhfeidhm atá ailínithe le Cód Cleachtais 2016 agus leis na creataí áirithe rialála de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Leanann an Roinn de leas a bhaint as ballraíocht d'Fhóram Rialachais do Sheirbhísigh Phoiblí agus do Státseirbhísigh. Is é an Foras Riaracháin a riarann an fóram trína gcuirtear chun cinn dea-rialachas agus trína gcuirtear comhairle thráthúil agus tacaí eolais ar fáil don Roinn chun an dea-rialachas a bhreisiú agus mar chabhair d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach fhoireann na Roinne.

***Cur Chun Feidhme Sheirbhísí Comhroinnte na hEarnála Oideachais***

In 2021, lean an Roinn dá plean seirbhísí comhroinnte a chur i bhfeidhm, agus imscrúdú á dhéanamh ar na deiseanna le haghaidh tionscnaimh seirbhíse comhroinnte ar fud na hearnála oideachais ina hiomláine agus ról gníomhach á ghlacadh i seirbhísí comhroinnte traidisiúnta a thabhairt isteach ar fud na Státseirbhíse. Seo iad na príomhthionscadail a ndearnadh dul chun cinn orthu in 2021.

- **Seirbhísí comhroinnte párolla don earnáil Bord Oideachais agus Oiliúna**: Amhail mí na Nollag 2021, tá aon cheann déag de na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna déag ag fáil seirbhísí párolla ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte. Tá seirbhísí taistil agus cothaithe á bhfáil ag ceithre cinn de na sé bhord déag. Meastar go leanfar le cur ar fáil na seirbhísí ó thús deireadh 2022 agus go bhfaighidh ceithre Bhord Oideachais agus Oiliúna sa bhreis seirbhísí párolla agus go bhfuil trí Bhord Oideachais agus Oiliúna sa bhreis sceidealta le seirbhísí taistil agus cothaithe a aistriú linn 2022. Aistreofar na Boird Oideachais agus Oiliúna deiridh chuig seirbhísí comhroinnte párolla agus taistil agus cothabhála le linn R1 and R2 de 2023.

- **Ríomh-earcaíocht don earnáil Bord Oideachais agus Oiliúna**: Tá obair ar bun chun seirbhísí ríomh-earcaíochta breise a chur ar fáil do dhá Bhord Oideachais agus Oiliúna atá ag aistriú chuig seirbhísí párolla in R2 2022 ar an gcóras reatha párolla Bord Oideachais agus Oiliúna. Is leathnú é seo ar raon feidhme na seirbhísí chun a chinntiú nach mbeidh aon laghdú ar fheidhmiúlacht earcaíochta ag na Boird Oideachais agus Oiliúna deiridh atá ag aistriú go dtí an tseirbhís chomhroinnte agus iad ag aistriú go dtí an córas párolla nua. Leathnófar an clár oibre sin chun na Boird Oideachais agus Oiliúna eile a chlúdach le linn 2022 agus isteach in 2023.

- **Seirbhísí comhroinnte airgeadais don earnáil Bord Oideachais agus Oiliúna**: Le linn 2021, lean an fhoireann ar aghaidh ag comhdhlúthú na mBord Oideachais agus Oiliúna eile ar an aon ardán bogearraí amháin. Amhail mí na Nollag 2021, bhí deich gcinn de na Boird Oideachais agus Oiliúna ag baint úsáid as an aon réiteach bogearraí amháin. Aistríodh trí cinn eile i dtús mhí Eanáir 2022 agus aistreofar dhá cheann eile i mí Iúil 2022, rud a fhágann go mbeidh Bord Oideachais agus Oiliúna amháin le haistriú in R1 2023. Tá dearadh, cur chun feidhme agus cur ar fáil na seirbhísí comhroinnte ar bhonn an loirg bogearraí chomhdhlúite seo faoi athbhreithniú faoi láthair agus tá plean aistrithe le comhaontú níos déanaí in 2022. Tá obair fhairsing curtha i gcrích ag an bhfoireann ar théarmaí agus coinníollacha nua le haghaidh réiteach bogearraí mar sheirbhís (SAAS) le linn 2021 agus tá obair ar siúl le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le CSSO d'fhonn plean chun soláthair phoiblí nua a fhoilsiú in 2022.

- **Tionscnamh seirbhísí comhroinnte párolla na bhfostaithe scoile:** Is tionscadal é seo chun córais phárolla reatha na Roinne a athsholáthar don fhoireann teagaisc agus neamhtheagaisc. In 2021, leanadh den rannpháirtíocht mhargaidh le hobair fhairsing chun téarmaí agus coinníollacha nua a fhorbairt le haghaidh réiteach bogearraí mar sheirbhís (SAAS). Forbraíodh na sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla freisin agus tá obair ar siúl le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le CSSO d’fhonn dul chuig an margadh le linn 2022.

- **Athchóiriú Soláthair**: Tharla an chéad chruinniú de Bhord an Chláir um Sholáthar Oideachais (EPPB) le linn 2021 agus bunaíodh dhá ghrúpa oibre don Fhoirgníocht agus do TFC. Oibreoidh na grúpaí sin chun soláthar a chur chun cinn chun dul i ngleic le bearnaí san Earnáil Oideachais. Leanadh de shonraí a bhailiú trí na pleananna soláthair ilbhliantúla (MAPPS) san earnáil Bord Oideachais agus Oiliúna. Gabhadh san obair sin eolas úsáideach réamhaisnéise lena sainaithneofar bearnaí agus lena mbrúfar chun cinn an t-éileamh ar chreataí agus conarthaí ar leibhéal lárnach chun dúshláin maidir le comhlíonadh a réiteach le himeacht ama.

- **Mol Tuairiscithe agus Anailísíochta Sonraí don Earnáil.** Cuireadh tús leis an obair in 2021 d'fhonn mol tuairiscithe agus anailísíochta sonraí a bhunú le haghaidh na bhfeidhmeanna seirbhíse comhroinnte. Déanfar tuilleadh forbartha ar an obair sin in 2022.

- **Oifig Bainistíochta Tionscadal a bhunú don Rannóg**. Cuireadh tús le hobair in 2021 ar Oifig Bainistíochta Clár do Rannóg na Mór-oibríochtaí a fhorbairt. Cuirfear an obair sin chun cinn tuilleadh in 2022.

**Bernie McNally**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais

31 Márta 2022

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 26 Oideachas

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 26 Oideachas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí spa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 26 Oideachas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Oideachas agus tá na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2021

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Méan Fómhair 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 26 Oideachas

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A Oideachas chéad leibhéil, oideachas dara leibhéal agus oideachas sna luathbhlianta | | | | |
| *Bunaidh* | 8,960,901 | | | |
| *Forlíontach* | 320,000 | | | |
| **Ollchaiteachas** | | **9,280,901** | **9,263,008** | **8,595,589** |
| *Lúide* | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| *Bunaidh* | 317,191 | | | |
| *Forlíontach* | 53,000 | | | |
| | | **370,191** | **380,141** | **354,947** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 8,643,710 | | | |
| *Forlíontach* | 267,000 | | | |
| | | **8,910,710** | **8,882,867** | **8,240,642** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime dá ndéantar soláthar thar an nglansuim a feidhmíodh dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **27,843,162** | **137,911,743** |

**Bernie McNally**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais

31 Márta 2022

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 9,160,015 | 8,496,735 |
| Pá | | 85,207 | 83,036 |
| Neamhphá | | 17,786 | 15,818 |
| **Ollchaiteachas** | | **9,263,008** | **8,595,589** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **380,141** | **354,947** |
| **Glanchaiteachas** | | **8,882,867** | **8,240,642** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannachán airgid thirim | (124,308) | | |
| Dímheas | 1,855 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 2 | (122,451) | (95,917) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 14,276 | | |
| Méadú ar stoc | (3) | | |
| | | 14,273 | 1,096 |
| **Caiteachas díreach** | | **8,774,689** | **8,145,821** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 27,428 | 23,799 |
| Measchíosanna | | 3,196 | 3,221 |
| **Glanchostas an chláir** | | **8,805,313** | **8,172,841** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 26 a tabhaíodh in áit eile, lúide an costas ar sheirbhísí a soláthraíodh do Vóta 45.

| | | 2021 [a] | 2020 [a] |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 146 | 127 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 25,122 | 22,088 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,886 | 3,079 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 171 | 150 |
| Vóta 43 | Oifig Príomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 239 | — |
| An Príomh-Chiste - pinsin na n-airí | | 274 | 238 |
| Costas cionroinnte na seirbhísí comhroinnte do Vóta 45 | | (1,410) | (1,883) |
| | | **27,428** | **23,799** |

Nótaí [a] Ní chuimsíonn na figiúirí um ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara figiúirí a bhaineann le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne ná le gníomhaireachtaí na Roinne. Sannadh an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara go díreach don Vóta agus, i gcás nár chuí é sin a dhéanamh, rinneadh é a chionroinnt bunaithe ar leithdháileadh comhaontaithe costas idir Vóta 26 agus Vóta 45.

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 409,372 | 285,994 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 171,819 | 148,319 |
| Stoic | | 83 | 80 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 18,519 | 17,162 |
| Ró-íocaíochtaí in-fhorchúitithe | 5.5 | 7,060 | 7,168 |
| Costais iasachta i leith forchúitimh | | 482 | 611 |
| Suimeanna atá dlite ó AE | | 10 | 10 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 1,898 | 3,399 |
| Ioncam fabhraithe | | 2,362 | 1,986 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **202,233** | **178,735** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.5 | 51,582 | 33,795 |
| Forchúiteamh tuarastal chuig ranna agus gníomhaireachtaí eile | | — | 48 |
| Airgead ó AE atá le dáileadh | | 8,508 | 1 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 162,290 | 151,216 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.7 | 2,929 | 511 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **225,309** | **185,571** |
| **Glansócmhainní reatha** | | (23,076) | (6,836) |
| **Glansócmhainní** | | **386,296** | **279,158** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas maoinithe Stáit** | 2.8 | **386,296** | **279,158** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Tailte agus foirgnimh | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 204,725 | 7,040 | 25,357 | 75,663 | 312,785 |
| Breiseanna | 44,579 | — | 723 | 82,445 | 127,747 |
| Sócmhainní a tugadh chun úsáide | 10,086 | — | 1,169 | (11,255) | — |
| Diúscairtí | (11,530) | — | (49) | — | (11,579) |
| Coigeartú [a] | — | — | — | 9,018 | 9,018 |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 247,860 | 7,040 | 27,200 | 155,871 | 437,971 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | — | 6,716 | 20,075 | — | 26,791 |
| Dímheas don bhliain | — | 38 | 1,817 | — | 1,855 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (47) | — | (47) |
| Coigeartuithe | — | — | — | — | — |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | — | 6,754 | 21,845 | — | 28,599 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **247,860** | **286** | **5,355** | **155,871** | **409,372** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 204,725 | 324 | 5,282 | 75,663 | 285,994 |

Nóta [a] Cuimsíonn an coigeartú de €9.018m caiteachas caipitil roimh 2021 ar ocht láithreán a fuarthas le linn 2021 (€10.109m) agus athshonrú caiteachas caipitil roimh 2021 ar thrí thionscadal chineachta (€1.106m). Déantar an caiteachas breise sin a fhritháireamh trí dheireadh a chur le caiteachas roimh 2021 ar láithreán faoi úinéireacht pátrúin a tuairiscíodh roimhe seo mar shócmhainn atá á forbairt (€2.197m).

**Nóta ginearálta faisnéise**

Níl aon tailte ná foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá faoi rialú na Roinne Oideachais gan luacháil ach amháin i gcás roinnt ionad Oideachais a bhfuil luacháil fós le déanamh orthu. Is mar seo a leanas a rialaítear agus a bhainistítear tailte agus foirgnimh ar leis an Roinn iad.

**1 Aistriú foirgneamh scoile 2021**

Caitheann an Roinn le haistriú rialú sócmhainne chuig údarás scoile mar dhiúscairt chun críocha cuntasaíochta sa chuntas seo. Ní aistrítear an úinéireacht. Tá na réadmhaoine scoile, nó na codanna díobh sin, a aistríodh i gcaitheamh 2021 ar áireamh sa tábla thíos.

| **Ainm na scoile** | **Luacháil** [a] |
|---|---|
| | **€000** |
| Pobalscoil Náisiúnta na gCloch Liath, Co. Chill Mhantáin | 10,790 |
| Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Baile an Diosualaigh, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15 | 740 |
| | **11,530** |

Nóta [a] Áiríodh ar an bhfigiúr iomlán do dhiúscairtí teicniúla costas an láithreáin ar a bhfuil an scoil tógtha agus na costais iarbhír a tabhaíodh chun an scoil a chur sa riocht ina bhfuil sí anois, lena n-áirítear fabhrú le haghaidh oibreacha a críochnaíodh in 2021 agus nár íocadh astu go fóill agus le haghaidh airgead coinneála.

**2 An leibhéal bunscoile**

Bhí 3,239 scoil náisiúnta i mbun oibre an 31 Nollaig 2021. Scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór agus iad faoi úinéireacht an údaráis deoise lena mbaineann. Seo iad na heisceachtaí.

- Is leis an Aire Oideachais láithreáin le haghaidh 58 scoil chéad leibhéil agus iad á rialú/á mbainistiú aici.
- I gcás 168 scoil, tá na scoileanna ag oibriú ar láithreáin nó i bhfoirgnimh atá faoi úinéireacht nó faoi léas ag an Roinn ach tá an scoil á rialú/á bainistiú ag an mBord Bainistíochta. Tá 7 scoil i gcóiríocht shealadach nó bhuan ar láithreáin nach leis an Roinn iad.

**3 An leibhéal iar-bhunscoile**

Is ann do 728 gcinn d'iar-bhunscoileanna sa tír. Tá 358 gcinn díobh sin faoi úinéireacht phríobháideach. Tá na cinn eile á oibriú mar a leanas.

- Is leis an Aire Oideachais 14 scoil chuimsitheacha, 82 phobalscoil agus 27 meánscoil, ach iad á rialú/á mbainistiú ag boird bhainistíochta.
- Is ann do 247 gcinn d'iar-bhunscoileanna atá dílsithe go príomha i mboird oideachais agus oiliúna faoin Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá 28 gcinn de na scoileanna sin faoi úinéireacht an Aire Oideachais.
- Is leis an Aire Oideachais láithreáin le haghaidh 36 iar-bhunscoil agus iad á rialú/á mbainistiú aici.

**4 Eile**

Tar éis achtú Acht na Leanaí 2001, is é an t-aon cheist gan freagra a bhaineann le haon ionad coinneála páistí amháin ná fógra Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO) chuig an Údarás Clárúcháin Maoine maidir le hathrú úinéireachta réadmhaoin na scoile ón Aire Oideachas go Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). Thug an Roinn ordú do CSSO an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chur ar an eolas faoin athrú úinéireachta. Ní áirítear an réadmhaoin sin mar shócmhainn i Nóta 2.1 thuas de bhrí nach bhfuil an réadmhaoin faoi rialú an Aire, ach faoi údarás na hinstitiúide í féin.

Tá an tAire ar dhuine de bheirt ráthóirí de chuid Middletown Centre for Autism (Holdings) Limited, is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, ar léi agus a choinníonn réadmhaoin i gCo. Ard Mhacha a úsáidtear le haghaidh Middletown Centre for Autism.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 170,939 | 147,814 |
| Iarmhéideanna cuntas bainc tráchtála | 877 | 502 |
| Mionairgead | 3 | 3 |
| | **171,819** | **148,319** |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíocht le Bus Éireann – iompar scoile | 8,990 | 8,905 |
| Réamhíocaíocht le Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 182 | 2,038 |
| Tacaíocht TFC agus conarthaí ceadúnúcháin | 1,790 | 1,409 |
| Réamh-mhaoiniú tionscadal tógála scoile | 5,728 | 991 |
| Cóiríocht shealadach scoile a fháil ar cíos | — | 1,257 |
| Seirbhísí Comhroinnte a chur chun feidhme | 342 | 828 |
| Conarthaí leathanbhanda scoile | 498 | 683 |
| Riarachán eile | 138 | 58 |
| Clár eile | 851 | 993 |
| | **18,519** | **17,162** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 124 | 21 |
| Suimeanna atá dlite ón gCuntas Speisialta Sásaimh | — | 49 |
| Fionraí párolla | 1,444 | 216 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 66 | 61 |
| An Clár Fuinnimh Foirgnimh | — | 2,545 |
| An Scéim pasanna taistil | 187 | 60 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 22 | 130 |
| Clár Leathanbhanda na Scoileanna | — | 250 |
| Forchúiteamh costas ó oifigí comhroinnte | 52 | 64 |
| Íocaíochtaí anonn a bhaineann le haoisliúntas | 3 | 3 |
| | **1,898** | **3,399** |

## 2.5 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Clár caipitil na scoileanna | 39,856 | 17,117 |
| Muirir aonadacha Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí na scoileanna | 4,560 | 4,375 |
| Bus Éireann | 4,166 | 8,687 |
| Clár eile | 2,188 | 2,868 |
| Riarachán eile | 812 | 748 |
| | **51,582** | **33,795** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 79,902 | 75,808 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 54,990 | 51,442 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 15,175 | 14,502 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 327 | 295 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 973 | 792 |
| Cáin bhreisluacha | 4,598 | 2,381 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 42 | 51 |
| | 156,007 | 145,271 |
| | | |
| Aistriú feidhmeanna | 195 | 3,684 |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 393 | 1,320 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | — | 1 |
| An Clár Fuinnimh Foirgnimh | 4,794 | — |
| Fionraí párolla | 773 | 422 |
| Ilghnéitheach | 128 | 518 |
| | **162,290** | **151,216** |

## 2.7 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 27,843 | 137,912 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (24,914) | (137,401) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **2,929** | **511** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 171,819 | 148,319 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 1,898 | 3,399 |
| Suimeanna atá dlite ó AE | 10 | 10 |
| | 173,727 | 151,728 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (156,007) | (145,271) |
| Airgead ó AE atá le dáileadh | (8,508) | (1) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | (6,283) | (5,945) |
| | (170,798) | (151,217) |
| | | |
| | **2,929** | **511** |

## 2.8 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 279,158 | 269,464 |
| Eisíocaíochtaí ó Sholáthar Meastacháin an Vóta | Cuntas | 8,910,710 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (27,843) | | |
| Glanvóta | | | 8,882,867 | 8,240,642 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit éigin eile | 1.1 | | 27,428 | 23,799 |
| Caiteachas neamhairgid - sócmhainní caipitil [a] | 1 | | (1,040) | (85,127) |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 3,196 | 3,221 |
| Glanchostas an chláir | | | (8,805,313) | (8,172,841) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **386,296** | **279,158** |

| Nóta | | | €000 |
|---|---|---|---|
| | a | Cuimsíonn na míreanna neamhairgeadais | |
| | | • Cóireáil chuntasaíochta chun sócmhainní tógála a dhiúscairt | (11,530) |
| | | • Athshonrú (méadú) na sócmhainní caipitil atá á bhforbairt chun caiteachas roimh 2021 a chur ar áireamh | 9,018 |
| | | • Glanmhéadú ar fhabhruithe caipitil | (1,967) |
| | | • Chostas sócmhainní a cuireadh ar áireamh mar bhreiseanna le clár sócmhainní 2021 ach nach n-íocfar astu go dtí 2022 | 3,439 |
| | | | **(1,040)** |

## 2.9 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig

| | 2021 | 2020 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 6,126 | 7,123 |
| Cláir deontas neamhchaipitil [a&b] | 2,180,020 | 2,171,185 |
| Cláir deontas caipitil [c] | 22,800 | 500 |
| Tionscadail chaipitil [d] | 590,553 | 310,792 |
| Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí | 1,055,903 | 1,107,272 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **3,855,402** | **3,596,872** |

Nóta

[a] Áirítear le clár deontas neamhchaipitil deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus le heagraíochtaí eile, lena n-áirítear scoileanna agus coláistí, chun caiteachas reatha, pá san áireamh, a mhaoiniú.

[b] Athshonraíodh figiúr an cheangaltais do chláir deontas neamhchaipitil 2020 chun ceangaltais a áireamh maidir le feidhmeanna a aistríodh go Vóta 26 ó Vóta 40 le héifeacht ón 1 Eanáir 2021 agus chun maoiniú eile a tuairiscíodh roimhe seo mar cheangaltais deontas neamhchaipitil a bhaint.

[c] Baineann na cláir deontas caipitil le deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne I leith gach tionscadail caipitil, lena n-áirítear boird oideachais agus oiliúna.

[d] Is ionann tionscadail chaipitil agus tionscadail a ndéanann an Roinn í féin iad a bhainistiú agus a fhormhaoirsiú.

**Mórthionscadail chaipitil**

**Tionscadail chaipitil a bhfuil €10 milliún nó níos mó de chaiteachas i gceist iontu**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 [b] | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 [b] |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (fo-mhírcheann A.15) [a&b] | 838,245 | 160,015 | 354,007 | 1,352,267 | 1,003,495 |

Nóta

a Gheofar miondealú ar an tábla thuas faoi Aguisín B.

b Athshonraíodh an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 agus an caiteachas iomlán ionchasach caiteachas thar shaolré an tionscadail in 2020 go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

- tionscadail scoile nua a gealladh de réir conartha in 2021 agus ina bhfuil caiteachas roimh 2021 curtha ar áireamh anois
- ceithre thionscadal a baineadh de bhrí go bhfuil siad tugtha chun críche nó go bhfuil costas iomlán an tionscadail faoi bhun na tairsí €10m anois nó go bhfuil an ceangaltas gan íoc faoi bhun €10,000.

**Íocaíochtaí aonadacha i dtaca le tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí**

Go dtí seo, chuaigh an Roinn isteach i sé chonradh ar leith chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoi shamhail na comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP). Is é atá i gceist le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí ná socruithe struchtúrtha idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le soláthar a dhéanamh ar thionscadail bhonneagair a sholáthar a sholáthrófaí iad, murach iad, trí shásraí traidisiúnta soláthair, agus an caiteachas gaolmhar tógála le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm muirear aonadach míosúil thar 25 bliana, agus bíonn an chéad mhuirear aonadach iníoctha a luaithe atá an tógáil críochnaithe. Le cois an tábla thíos, gheofar achoimre ar gach tionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí in Aguisín C.

| Ainm an tionscadail comhpháirtíochta príobháidí poiblí | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 [a] | Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe le dlí atá le comhlíonadh i mblianta ina dhiaidh sin | Iomlán an tionscadail 2021 | Iomlán an tionscadail 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Cúig threoirscoil | 204,636 | 10,881 | 67,099 | 282,616 | 282,222 |
| An 1ú bheartán | 100,162 | 9,120 | 134,301 | 243,583 | 241,752 |
| An 2ú beartán | 124,267 | 11,933 | 193,816 | 330,016 | 327,627 |
| An 3ú beartán | 114,882 | 14,956 | 279,419 | 409,257 | 406,048 |
| An 4ú beartán | 44,103 | 7,479 | 157,512 | 209,094 | 207,115 |
| An 5ú beartán | 23,986 | 8,175 | 223,756 | 255,917 | 254,544 |
| | **612,036** | **62,544** | **1,055,903** | **1,730,483** | **1,719,308** |

Nóta [a] Baineann an caiteachas a léirítear ag deireadh 2021 le híocaíochtaí caipitil amháin i.e., muirir aonadacha. Tá an caiteachas sa tábla thuas ar áireamh sa toradh foriomlán de €63.496 milliún ar fho-mhírcheann A.16. Áirítear leis an bhfo-mhírcheann seo íocaíochtaí áirithe deontais le scoileanna arna soláthar ag comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.

**Difríochtaí suntasacha i gcostais tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí**

Tugtar míniú thíos i gcás inar tháinig méadú/laghdú is mó ná €500,000 ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2021 ar an gcaiteachas iomlán réamh-mheasta.

*Innéacsú*

Déanann an Roinn íocaíochtaí míosúla muirir aonadaigh leis an gcuideachta comhpháirtíochta príobháidí poiblí lena mbaineann maidir le gach tionscadal oibríochtúil comhpháirtíochta príobháidí poiblí atá i mbun feidhme. Dhá mhír atá san íocaíocht muirir aonadaigh, mar atá mír an chostais sheasta agus mír inathraithe (innéacsaithe) a athraíonn ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Uile-mhíre Tomhaltóirí. Sonraítear dáta athbhreithnithe innéacsaithe i ngach conradh. Tar éis an fachtóir innéacsaithe a chinneadh, ríomhtar an muirear aonadach bliantúil trí na luachanna seasta agus na luachanna inathraithe coigeartaithe a shuimiú.

*Athmhaoiniú*

Is féidir cistiú tionscadail comhpháirtíochta príobháidí poiblí a athmhaoiniú, le toiliú na Roinne, le linn chéim na tógála nó dá héis. Roinntear an gnóthachan ón athmhaoiniú idir an chuideachta comhpháirtíochta príobháidí poiblí agus an Roinn faoi théarmaí atá leagtha amach i gComhaontú Tionscadail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí. Rinneadh athmhaoiniú ar Bheartán Scoileanna 4 i mí na Nollag 2018, ar Bheartán Scoileanna 3 i mí Eanáir 2019, agus ar Bheartán Scoileanna 2 i mí na Nollag 2020.

*Beartán Scoileanna 1*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú as a leanann leasú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €1.831 milliún ar chostais idir 2020 agus 2021.

*Beartán Scoileanna 2*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú as a leanann leasú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €2.389 milliún ar chostais idir 2020 agus 2021.

*Beartán Scoileanna 3*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú as a leanann ceartú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €3.209 milliún ar chostais idir 2020 agus 2021.

*Beartán Scoileanna 4*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú as a leanann ceartú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €1.979 milliún ar chostais idir 2020 agus 2021.

*Beartán Scoileanna 5*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú as a leanann leasú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €1.373 milliún ar chostais idir 2020 agus 2021.

**Leachtuithe agus scrúdaitheoireachtaí 2021**

Maidir le gach ceann de na tionscadail tógála a ndeachaigh leachtú agus/nó scrúdaitheoireacht Carillion agus trí chonraitheoir eile i bhfeidhm orthu, cuireadh i gcrích go substaintiúil iad in 2021.

**Caiteachas ar áitreabh sealadach scoile a fháil ar cíos**

Le linn 2021, áiríodh le caiteachas faoi fho-mhírcheann A15.3 suimeanna arbh fhiú €29.5 milliún san iomlán iad maidir le foirgnimh shealadacha scoile a fháil ar cíos (2020: €29.4 milliún).

## 2.10 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe tagtha chun aibíochta nár urscaoileadh ag deireadh bliana | **22,426** | **8,479** |

## 2.11 Dliteanais theagmhasacha

**Middletown Centre for Autism**

D'fhéadfadh dliteanas pinsin de thuairim agus €1,800,000 amhail deireadh 2021 (2020: €480,000) teacht chun cinn maidir leis an gcomhaontú idir Scéim Pinsean Rialtais Áitiúil na Roinne Oideachais do Thuaisceart Éireann agus an Roinn Oideachais. Tá an dliteanas méadaithe inchurtha i leith athrú sna toimhdí achtúireacha a úsáidtear chun luach an dliteanais pinsin a ríomh. Sa chomhaontú, dar dáta an 16 Samhain 2007, ráthaigh na Ranna go ndéanfaidís íocaíocht iomlán as aon dliteanais phinsin de chuid Middletown Centre for Autism Ltd i gcás go scoirfidh an tIonad de bheith ann nó mura mbíonn sé ábalta a chuid dliteanas pinsin a urscaoileadh. Tá an tIonad i mbun oibre i gcónaí agus níltear ag dréim leis go dtiocfaidh an dliteanas sin chun cinn go gairid.

**Dlíthíocht maidir le hArdteistiméireacht 2020 agus gráid ríofa**

Ag deireadh na bliana 2021, ní raibh aon imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh fós ar bun maidir le hábhair a d'eascair as Ardteistiméireacht 2020 seachas breithiúnas na Cúirte Uachtaraí ar feitheamh i leith 2 achomharc. Tugadh an cás tosaigh maidir le hagóidí faoin bpróiseas caighdeánaithe náisiúnta maidir le scéim na ngrád ríofa chun críche i mí an Mhárta 2021 le breithiúnas i bhfabhar an Aire. Mar sin féin, dhámh an Ard-Chúirt costais don Iarratasóir toisc gur measadh an cás a bheith ina chás a raibh gné leas an phobail ag baint leis. Maidir leis na costais sa chás sin a bheidh mar phríomhchuid den dliteanas teagmhasach a eascróidh faoin gceannteideal seo, tá siad fós le deimhniú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, a lorgóidh íocaíocht ón Roinn in am trátha. Tarraingíodh siar formhór na gcásanna eile ansin agus ní thagann aon chostais tríú páirtí chun cinn. D'fhéadfadh costais teacht chun cinn fós maidir le hAchomharc Cúirte Uachtaraí in dhá chás agus i leith dhá chás a socraíodh le linn 2021. Ní féidir an caiteachas a chainníochtú ag an am seo go dtí go bhfaighfear na torthaí deiridh sna cásanna faoi seach.

**An clár feabhsúcháin scoileanna**

Tá an Roinn ag leanúint le himeachtaí dlí a shaothrú maidir le heasnaimh struchtúrtha ar thángthas orthu i 40 scoil ar thóg Western Building Systems iad. D'íoc an Roinn as oibreacha leasúcháin sna scoileanna sin. Íoctar costais an leasúcháin as soláthar teagmhasach sa bhuiséad caipitil.

Rinneadh an obair leasúcháin sna scoileanna sin ionas gur féidir deireadh a chur le formhór na mbeart réamhchúraim. Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh leis an leasúchán riachtanach a thabhairt chun críche mar chuid de mhórchlár oibreacha leasúcháin/athchóirithe/iarfheistithe lena chinntiú go seasfaidh na scoileanna an aimsir ó thaobh na haeráide de. Tá forchúiteamh na gcostas leasúcháin don Státchiste faoi réir imeachtaí leanúnacha dlí atá leagtha amach thuas.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Leithdháileadh an caiteachas riaracháin ar Chlár A chun costais iomlána na gclár a léiriú.

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 64,828 | 65,665 | 63,906 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,658 | 498 | 657 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,510 | 1,493 | 1,620 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,907 | 2,737 | 2,404 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 10,050 | 9,333 | 7,717 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,388 | 1,136 | 1,351 |
| vii | Comhairleoireacht agus seirbhísí eile | 114 | — | — |
| viii | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais [a] | 21,973 | 22,131 | 21,198 |
| | | **103,428** | **102,993** | **98,853** |

Nóta [a] Is fo-mhírcheann pá go príomha é an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. Leithdháiltear caiteachas pá ar fho-mhírcheann A1 Riarachán pá agus leithdháiltear caiteachas neamhphá ar A2 Riarachán neamhphá faoi Chlár A

### Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa nóta a leanas ar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €1.658 milliún; toradh €498,000*

Is leis an laghdú ar thaisteal eachtrach agus intíre ar ghnó oifigiúil na Roinne mar thionchar díreach ag paindéim Covid-19 a bhain an laghdú €1.16 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €1.907 milliún; toradh €2.737 milliún*

Tharla an laghdú caiteachais €830,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar na modhanna cionroinnte pro-rata a cuireadh i bhfeidhm ar leithdháiltí maidir le haistriú feidhmeanna chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus costais iarbhír phostaithe is mó ná an soláthar meastacháin.

**vii Comhairleoireacht agus seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €114,000; toradh €nialas*

Tá an leithdháileadh seo ceaptha le costais chomhairleoireachta a chlúdach d'aonaid ghnó nach bhfuil a mbuiséad féin acu don chineál caiteachais sin. Ní raibh aon ghá in 2021 le tarraingt ar an bhfo-mhírcheann seo.

## Clár A – Oideachas Chéad Leibhéil, Oideachas Dara Leibhéal agus Oideachas sna Luathbhlianta

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | 83,990 | 85,207 | 83,036 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 19,438 | 17,786 | 15,817 |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) bunmhúinteoirí | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,727,777 | | | |
| | *Forlíontach* | 54,000 | | | |
| | | | 2,781,777 | 2,781,360 | 2,603,395 |
| A.4 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) múinteoirí meánscoile, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,492,837 | | | |
| | *Forlíontach* | (21,000) | | | |
| | | | 1,471,837 | 1,460,743 | 1,432,071 |
| A.5 | Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna i ndáil le tuarastail múinteoirí bord oideachais agus oiliúna | | | | |
| | *Bunaidh* | 666,810 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | | | |
| | | | 676,810 | 667,343 | 628,141 |
| A.6 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 650,134 | | | |
| | *Forlíontach* | 17,000 | | | |
| | | | 667,134 | 669,113 | 613,725 |
| A.7 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) ball foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a áireamh) | | 106,869 | 104,999 | 112,036 |

| | | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.8 | Aoisliúntas, etc., i ndáil le baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,304,925 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,000 | | | |
| | | | | 1,312,925 | 1,310,197 | 1,250,804 |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 321,469 | | | |
| | | *Forlíontach* | (20,000) | | | |
| | | | | 301,469 | 289,511 | 224,791 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) is iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna agus le heagraíochtaí agus institiúidí eile oideachais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 567,254 | | | |
| | | *Forlíontach* | 58,000 | | | |
| | | | | 625,254 | 626,347 | 547,792 |
| A.11 | Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais | | | 155,895 | 142,077 | 53,955 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | | | 38,974 | 30,748 | 29,190 |
| A.13 | Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'institiúidí cónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,550 | | | |
| | | *Forlíontach* | 10,000 | | | |
| | | | | 12,550 | 1,641 | 2,797 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 59,479 | | | |
| | | *Forlíontach* | 106,000 | | | |
| | | | | 165,479 | 161,354 | 149,777 |
| A.15 | Bonneagar bunscoile agus iar-bhunscoile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 694,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | 98,000 | | | |
| | | | | 792,500 | 851,086 | 782,840 |

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.16 | Costais comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha | | 68,000 | 63,496 | 65,422 |
| | | | **9,280,901** | **9,263,008** | **8,595,589** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €302.107 milliún ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**A.9 Seirbhísí iompair scoile**

*Soláthar meastacháin €321.469 milliún; toradh €289.511 milliún*

Ba é ba chúis leis an laghdú €31.958 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastachán go príomha ná na costais laghdaithe a tháinig chun cinn le linn dhúnadh na scoileanna i dtús na bliana agus an t-am a thóg sé chun acmhainn 50% a chur i bhfeidhm de réir na dtreoirlínte sláinte poiblí.

Mar chuid de na meastacháin fhorlíontacha, ceadaíodh laghdú €20 milliún ar an soláthar meastacháin don fho-mhírcheann seo. Úsáideadh é sin chun méaduithe forlíontacha sna soláthairtí meastacháin a ceadaíodh le haghaidh fo-mhírchinn eile sa Vóta a fhritháireamh.

**A.10 Deontais (caipitíocht san áireamh) is iníoctha le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, Boird Oideachais agus Oiliúna agus eagraíochtaí agus institiúidí eile oideachais**

*Soláthar meastacháin €567.254 milliún; toradh €626.347 milliún*

Ba de thoradh iad seo a leanas a bhí an méadú €59.093 milliún i gcaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin:

Deontais Covid-19 do théarma 1 den scoilbhliain 2021/22 a íocadh le scoileanna le haghaidh éadaí cosanta pearsanta, sláintíocht láimhe, glanadh agus maoirseacht a ndearnadh leithdháileadh ina leith ar dtús i gcúlchiste teagmhasach Covid-19 an rialtais láir agus ní i Vóta 26 na Roinne seo ( €58 milliún).

Ceadaíodh suim fhorlíontach €58 milliún le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun soláthar a dhéanamh don mhéadú i gcaiteachas a d’eascair as deontais Covid-19 i dtéarma 1 den bhliain 2021/22.

**A.11 Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais**

*Soláthar meastacháin €155.895 milliún; toradh €142.077 milliún*

Leo seo a leanas go príomha a bhain an laghdú €13.818 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin

- Thaifead an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) coigilteas thar roinnt réimsí, lena n-áirítear earcaíocht a bhí níos moille nár mar a bhí beartaithe, agus coigilteas faoin tSamhail um Chuimsiú Sóisialta agus tionscadail Teiripe Ionscoile (€7.9 milliún).
- Mar gheall ar chealú scrúduithe na sraithe sóisearaí agus an líon laghdaithe scoláirí a rinne scrúduithe na hardteistiméireachta tar éis na gráid chreidiúnaithe a thabhairt isteach, shábháil Coimisiún na Scrúduithe Stáit €4.9 milliún.
- Níor tharla gníomhaíochtaí beartaithe faoin gclár Music Generation mar a bhí beartaithe mar gheall ar shrianta Covid-19 (€1.6 milliún).
- Gníomhaíochtaí a bhí beartaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) nár tharla mar a bhí beartaithe de bharr phaindéim Covid-19 (€700,000).
- Méadú ar chaiteachas ar leathnú an chláir críochnaithe scoile le linn 2021 (€1.4 milliún).

**A.12 Oideachas múinteoirí**

*Soláthar meastacháin €38.974 milliún; toradh €30.748 milliún*

Leo seo a leanas go príomha a bhain an laghdú €8.226 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin

- Coigilteas mar gheall ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí a bheith á reáchtáil ar líne agus lasmuigh d'am teagmhála ranga seachas i bhfoirm duine le duine (€5.5 milliún).
- Coigilteas mar gheall ar ghlacadh a bhí níos lú ná mar a ceapadh le roinnt clár, lena n-áirítear iad siúd a thairgeann an Lárionad um Cheannaireacht Scoile (€2.5 milliún).
- Coigilteas mar gheall ar mhaoiniú a choinnigh Ionaid Tacaíochta Oideachais ag deireadh 2020, rud a fritháiríodh in íocaíochtaí deontais 2021 i gcomhréir le Ciorclán 13/14 (€1.4 milliún).
- Rinneadh coigilteas a fhritháireamh le caiteachas méadaithe i réimsí eile, lena n-áirítear cláir uas-scilithe iarbhunscoile nua agus leathnaithe a sholáthar chun freastal ar an éileamh in ábhair áirithe (€1.4 milliún).

**A.13 Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'institiúidí cónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú**

*Soláthar meastacháin €2.550 milliún; toradh €1.641 milliún*

Bhain an laghdú €909,000 ar chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin go príomha leo seo

- Caiteachas caipitil a leithdháileadh ar son íospartaigh drochúsáide foras gan a bheith déanta in 2021 (€500,000).
- Costais reatha an Bhoird um Shásamh agus an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú le linn 2021 a bheith níos ísle ná mar a ceapadh (€425,000).

Ceadaíodh suim fhorlíontach €10 milliún le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun costais ionchasacha na scéime ex-gratia a eascraíonn as feidhmiú Bhreithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine in O'Keeffe v Éire a chlúdach. Ina dhiaidh sin, áfach, comhaontaíodh gur cheart íocaíocht €4.492 mhilliún as costais den sórt sin a dhéanamh ó fho-mhírcheann A.14.

**A.14 Deontais agus Seirbhísí Eile**

*Soláthar meastacháin €59.479 milliún; toradh €161.354 milliún*

Ba astu seo a leanas go príomha a tháinig an méadú caiteachais €101.875 milliún i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin

- Caiteachas atá ag éirí as maoiniú breise a fuarthas i mí Iúil 2021 ó AE faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta Náisiúnta chun nascacht ardluais leathanbhanda a sholáthar do bhunscoileanna lasmuigh den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (€750,000) agus chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach sna scoileanna (€49.454 mhilliún).
- Caiteachas ar dheontais TFC atá dlite do scoileanna do 2022 a tugadh ar aghaidh le híoc níos luaithe in 2021 (€50 milliún).
- Caiteachas breise ar chlár Leathanbhanda na Scoileanna, rud a d'eascair as nascacht ardluais a sholáthar ar bhealach níos tapúla ná mar a ceapadh (€1.8 milliún).
- Caiteachas breise a d'eascair as leathnú an chláir Forfheidhmithe Seirbhísí Comhroinnte in 2021 (€2.0 milliún)
- Caiteachas ar an scéim ex-gratia a d'eascair as feidhmiú Bhreithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine in O'Keeffe v Éire (€4.492 milliún).
- Coigilteas mar gheall ar líon agus méid laghdaithe na n-imeachtaí oiliúna do mhúinteoirí faoi SFGM - Teicneolaíocht san oideachas de bharr phaindéim Covid-19 (€1.917 milliún).

Ceadaíodh suim fhorlíontach €106 mhilliún le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun soláthar a dhéanamh do na méaduithe ar chaiteachas faoi chlár TFC na Scoileanna (€50m) agus faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta Náisiúnta (€56m).

**A.15 Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna**

*Soláthar meastacháin €694.5 milliún; toradh €851.086 milliún*

Ba astu seo a leanas go príomha a tháinig an méadú caiteachais €156.586 milliún i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin.

- Bainistiú a dhéanamh ar bhrúnna caiteachais suntasacha sa chlár tógála scoile a bhí á mbrú chun cinn go príomha ag an gceanglas chun acmhainn bhreise a sholáthar trí chóiríocht mhodúlach a sholáthar, tionchar an bhoilscithe tógála, Covid-19 agus ganntanas saothair/ábhar ar fud an chláir caipitil fhoriomláin mar aon le brúnna méadaithe ar an Scéim Oibreacha Éigeandála (€126 mhilliún).
- Deontais Mionoibreacha Feabhsaithe a bheith á gcur ar fáil mar chuid de thacaí a bhaineann le Covid-19 do scoileanna le haghaidh aerú agus oibreacha gaolmhara eile (€30 milliún).

Ceadaíodh suim fhorlíontach €98 milliún mar aon le vírmint €50 milliún de choigilteas reatha ar chaiteachas le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun soláthar a dhéanamh do na méaduithe sin ar chaiteachas. Soláthraíodh na méaduithe eile ar chaiteachas ó choigilteas caiteachais caipitil a d'eascair as raon fo-mhírchinn eile laistigh den Vóta.

**A.16 Costais comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha**

*Soláthar meastacháin €68 milliún; toradh €63.496 milliún*

Bhain an laghdú €4.504 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha leo seo:

- Costais a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis i gcás mionoibreacha agus costais oibriúcháin sna beartáin scoileanna ar fad (€867,000).
- Leibhéil bhoilscithe in 2021 a bheith níos ísle ná mar a measadh, rud ba chúis le costais innéacsaithe níos ísle ar na beartáin scoileanna uile (€1.41 milliún).
- Íostarraingt a bheith níos ísle ná mar a bhíothas a súil leis ar dheontais TFC agus Céatadán don Ealaín (€271,000).
- Laghdú ar mhuirir aonadacha i gcás teipeanna comhaontaithe ar sheirbhís agus ar infhaighteacht i ngach beartán scoile (€233,000).
- Tharla coigilteas (€95,000) mar thoradh ar mhoill ar an Athbhreithniú ar Threoirscoileanna a chríochnú.
- Costais a bheith níos ísle ná mar a ceapadh a bhaineann le cóiríocht shealadach oideachais riachtanas speisialta ag Pobalscoil Naomh Caimin, Sionainn, Co. an Chláir (€100,000).
- Caiteachas a bhaineann le hInstitiúid Breisoideachais agus Oiliúna Cheatharlach a bheith á íoc as maoiniú breise a soláthraíodh ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (€1.4 milliún).

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Ranníocaíochtaí aoisliúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 147,438 | | | |
| | | *Forlíontach* | 24,000 | | | |
| | | | | 171,438 | 170,097 | 172,429 |
| B.2 | Fáltais i ndáil le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú agus fáltais ilghnéitheacha eile ó AE [a] | | | 325 | 1,478 | 728 |
| B.3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair earnála poiblí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 161,946 | | | |
| | | *Forlíontach* | 15,000 | | | |
| | | | | 176,946 | 175,886 | 169,289 |
| B.4 | Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí | | | 3,824 | 5,480 | 5,047 |
| B.5 | Ilghnéitheach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,658 | | | |
| | | *Forlíontach* | 14,000 | | | |
| | | | | 17,658 | 27,200 | 7,454 |
| | **Iomlán** | | | **370,191** | **380,141** | **354,947** |

Nóta [a] Cuirtear miondealú ar fháltais AE de €1.478 milliún faoi fho-mhírcheann B.2 ar fáil sa tábla faoi Nóta 6.5 Maoiniú AE.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus € 100,000). San iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €62.95 milliún níos mó ná mar a bhí sa mheastachán. Leagtar amach thíos na míniúcháin ar na difríochtaí:

**B.1 Ranníocaíochtaí aoisliúntais**

*Meastachán €147.438 milliún; réadaithe €170.097 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú €22.659 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha ná fáltais a bheith níos airde ná an soláthar a leithdháileadh. Áirítear leis an méadú sin ranníocaíochtaí de bharr méadú ar líon na múinteoirí (go páirteach mar gheall ar phoist teagaisc bhreise Covid-19 a cuireadh i bhfeidhm) agus cúntóirí riachtanas speisialta chomh maith le méadú ar thuarastail faoi na comhaontuithe pá seirbhíse poiblí.

Ceadaíodh suim fhorlíontach €24 mhilliún le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun soláthar a dhéanamh do na méaduithe sin ar fháltais.

**B.2 Fáltais i ndáil le Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE**

*Meastachán €325,000; réadaithe €1.478 milliún*

Leis na nithe seo a leanas go príomha a bhain an méadú €1.153 milliún i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin:

- Fáltais ón gClár Peace IV a ndearnadh próifíl orthu faoi B.5 Ilghnéitheach agus a dtugtar cuntas orthu anois faoin bhfo-mhírcheann seo (€1.1 milliún).
- Íocaíocht i leith an Lárionaid um Scolaíocht Eorpach a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis (€116,000).

**B.3 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair earnála poiblí**

*Meastachán €161.946 milliún; réadaithe €175.886 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú €13.94 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastachán ná fáltais a bheith níos airde ná an soláthar a leithdháileadh. Áirítear leis an méadú sin méadú ar líon na múinteoirí (go páirteach mar gheall ar phoist teagaisc bhreise Covid-19 a cuireadh i bhfeidhm) agus cúntóirí riachtanas speisialta chomh maith le méadú ar thuarastail faoi na comhaontuithe pá seirbhíse poiblí.

Ceadaíodh suim fhorlíontach €15 mhilliún le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun soláthar a dhéanamh do na méaduithe sin ar fháltais.

**B.4 Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí**

*Meastachán €3.824 milliún; réadaithe €5.48 milliún*

Bhain an méadú €1.656 milliún i gcoibhneas leis an meastachán go príomha le fáltais aisghabhála ró-íocaíochtaí (€400,000) agus aisíocaíochtaí iasachtaithe (€1.2 milliún) a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**B.5 Ilghnéitheach**

*Meastachán €3.658 milliún; réadaithe €27.2 milliún*

Leis na nithe seo a leanas go príomha a bhain an méadú €23.542 milliún i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin:

- fáil na n-aisíocaíochtaí a rinne scoileanna ar dheontais chaipitíochta a bhaineann le paindéim Covid-19 a soláthraíodh don scoilbhliain 2020/21 (€19.257 milliún)
- mar gheall ar nádúr éagsúil na bhfáltas sa chatagóir seo, tá sé deacair a thuar le haon leibhéal cinnteachta cén leibhéal fáltas a d’fhéadfadh a bheith le bailiú in aon bhliain féilire.

Ceadaíodh suim fhorlíontach €14 mhilliún le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun soláthar a dhéanamh do na fáltais mhéadaithe a d’eascair as aisíocaíochtaí deontas caipitíochta neamhíoctha a bhain le Covid-19. Fuarthas aisíocaíochtaí breise tar éis na figiúirí meastacháin forlíontacha a chomhaontú le linn 2021.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais ó airgead coinsiasa | — | 2 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | — | (2) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | — | **—** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Roinn | 1,453 | 1,335 |
| An chéad leibhéal agus an dara leibhéal | 92,180 | 90,966 |
| Gníomhaireachtaí | 466 | 458 |
| Iomlán | **94,099** | **92,759** |

## 5.2 Costais phá

| **Foireann na Roinne** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 81,140 | 78,364 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 528 | 392 |
| Liúntais eile | 32 | 35 |
| Ragobair | 876 | 773 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,747 | 6,268 |
| **Pá iomlán** | **89,323** | **85,832** |

Nóta [a] Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach amháin le tuarastail agus liúntais a íoctar le baill foirne riaracháin sa Roinn agus le foireann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

[b] Léirítear an figiúr pá iomlán faoi A.1 (€85.207 milliún) agus A.14 (€4.116 milliún le haghaidh tionscadail forfheidhmithe seirbhísí comhroinnte)

| Foireann oideachais chéad leibhéal agus dara leibhéal | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 5,171,233 | 4,939,699 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | — | — |
| Liúntais eile | 6,333 | 5,866 |
| Ragobair | 599 | 765 |
| ÁSPC an Fhostóra | 487,452 | 450,882 |
| **Pá iomlán [a]** | **5,665,617** | **5,397,212** |

Nóta [a] Athshonraíodh an figiúr pá iomlán do 2020 maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna. Sholáthair na Boird Oideachais agus Oiliúna figiúr pá Bord Oideachais agus Oiliúna maidir le costas tuarastail múinteoirí Bord Oideachais agus Oiliúna, cúntóirí riachtanas speisialta Bord Oideachais agus Oiliúna agus foireann neamhtheagaisc Bord Oideachais agus Oiliúna go díreach. Bhí figiúr pá na mBord Oideachais agus Oiliúna de réir na gcuntas foilsithe 2020 bunaithe ar dhréachtráitis airgeadais na mBord Oideachais agus Oiliúna do 2020. Áiríodh liúntais, ragobair agus ÁSPC an Fhostóra faoin gceannteideal pá sna cuntais fhoilsithe do 2020 toisc nach raibh miondealú ar chaiteachas ar fáil. Coigeartaíodh figiúirí comparáideacha 2020 chun an miondealú a sholáthair Boird Oideachais agus Oiliúna a léiriú.

| Foireann gníomhaireachta | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 26,335 | 24,328 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 208 | 126 |
| Liúntais eile | 74 | 77 |
| Ragobair | 1,931 | 757 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,326 | 2,005 |
| **Pá iomlán [a&b]** | **30,874** | **27,293** |

Nóta [a] Áirítear le costas iomlán do 2021 costais phá do ghníomhaireachtaí atá faoi shainchúram an Vóta seo.

[b] Tá pá iomlán do 2021 bunaithe go príomha ar thuairisceáin ó ghníomhaireachtaí. Bhí figiúirí 2020 de réir na gcuntas foilsithe do 2020 bunaithe go príomha ar na ráitis airgeadais ghníomhaireachta is déanaí a ndearnadh iniúchadh orthu. Athshonraíodh figiúirí comparáideacha do 2020 agus tá siad bunaithe go príomha ar thuairisceáin ó ghníomhaireachtaí.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - Foireann na Roinne

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 122 | 16 | 22,002 | 20,614 |
| Liúntais eile | 17 | — | 5,509 | 5,413 |
| Ragobair | 253 | 11 | 16,215 | 17,722 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 36 | 8 | 15,434 | 14,849 |

Ní bhaineann na mionsonraí faoi liúntais agus íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo ach amháin le foireann riaracháin Roinne agus le foireann na Seirbhísí Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - An chéad leibhéal agus an dara leibhéal

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | — | — | — | — |
| Liúntais eile | 3,945 | 3 | 26,540 | 10,269 |
| Ragobair | 247 | 15 | 21,803 | 16,105 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 134 | — | 6,230 | 13,316 |

.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - gníomhaireachtaí

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 [a] |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 61 | 2 | 14,606 | 7,805 |
| Liúntais eile | 43 | 1 | 13,272 | 12,940 |
| Ragobair | 195 | 77 | 37,219 | 29,642 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 63 | 39 | 38,650 | 12,403 |

Nóta [a] Ní raibh an Roinn in ann mionsonraí a sholáthar faoi liúntais agus ragobair a íocadh le gníomhaireachtaí do chuntais 2020. Tá an fhaisnéis sin curtha ar áireamh anois.

## 5.4 Socruithe eile luacha saothair

Cuireadh daichead státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse ag obair arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €85,000 (2020: €157,000) agus chuimsigh sin costais taistil agus chothaithe de €1,000 (2020: €18,000). Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ró-íocaíochtaí tuarastail leis an bhfoireann riaracháin** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 87 | 230,865 | 382,179 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 20 | 70,370 | 129,026 |

Aistríodh plean aisghabhála ró-íocaíochta i leith duine amháin dar luach €3,251 sa bhliain chuig Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ró-íocaíochtaí le múinteoirí/le pearsana nach múinteoirí agus le pearsana ar scor** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 4,958 | 6,003,349 | 5,871,335 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 361 | 1,040,603 | 1,325,066 |

I gcaitheamh 2021, aisíocadh 1,462 chás ró-íocaíochta ina n-iomláine agus b'fhiú €1,260,909 an aisíocaíocht.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ró-íocaíochtaí forlíontacha pinsin** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 91 | 825,924 | 914,529 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 77 | 655,233 | 778,430 |

**Ró-íocaíochtaí mar thoradh ar fho-asbhaint den Laghdú Pinsin Seirbhíse Poiblí**

Sainaithníodh 89 gcás pinsinéara in 2018 mar a ndearnadh fo-asbhaint den laghdú pinsin seirbhíse poiblí, rud ba chúis le ró-íocaíochtaí. Tá na chéad chéimeanna eile á mbreithniú ag an Roinn d'fhonn an ní a thabhairt chun críche. Meastar anois gur thart ar €1 mhilliún luach na ró-íocaíochta.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2021, íocadh iomarcaíocht le 13 chúntóir riachtanas speisialta trí Phárollaí Scoile na Roinne, i gcáil na Roinne mar phámháistir do scoileanna áirithe. B'ionann agus €160,874 an íocaíocht iomarcaíochta iomlán agus áiríodh léi íocaíocht as suimeanna iomarcaíochta reachtúla agus neamhreachtúla, de réir mar ba chuí. Fuair triúr daoine aonair íocaíochtaí iomarcaíochta is mó ná €10,000. Ba é €38,382 an tsuim iomarcaíochta ab airde a íocadh in 2021. Ní dhearnadh aon luathíocaíocht pinsin, níor cuireadh aon bhlianta breise de sheirbhís bharúlach ná feabhsuithe eile leis na téarmaí fabhraithe pinsin a deonaíodh d'aon duine de na 13 dhuine aonair.

In 2021, ní dhearnadh aon íocaíochtaí iomarcaíochta le daoine aonair trí phárollaí riaracháin na Roinne.

| **Grád** | **Scaoilíocaíocht** | **Blianta breise de sheirbhís bharúlach** | **Luathíocaíocht pinsin gan aon laghdú achtúireach** |
|---|---|---|---|
| | **€** | | |
| Cúntóir riachtanas speisialta | 160,874 | — | — |
| Iomlán | **160,874** | **—** | **—** |

## 5.7 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021 bhí tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal II, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €203,167 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann é agus €201,155).

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas in 2021 | Caiteachas in 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú | 1999 | 84,800 | 533 | 598 |
| An Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe [a, b] | 2002 | 1,245,395 | 900 | 1,780 |
| | | **1,330,195** | **1,433** | **2,378** |

Nóta
[a] Anuas ar an gcaiteachas foriomlán €1.245 billiún ar an Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe ag deireadh 2021, tabhaíodh €10 milliún eile de chaiteachas i dtaca le socraíochtaí cúirte de bhun an Chomhaontaithe Slánaíochta a rinneadh sa bhliain 2002, rud ina bhforáiltear nach bhfuil cuallachtaí reiligiúnacha faoi dhliteanas maidir le cásanna a shocraítear sa chúirt agus lasmuigh den scéim um shásamh.
[b] Ag deireadh 2021, ba é €64.5 milliún na costais charnacha riaracháin i gcás an Bhoird um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus €10.03 milliún i gcás an Choiste Athbhreithnithe i leith Foras Cónaithe.

**An t-iomlán a d'íoc cuallachtaí reiligiúnacha**

Rinne na 18 gcuallacht reiligiúnacha a bhainistigh formhór na bhforas cónaithe leanaí ranníocaíochtaí faoi dhá bhabhta ar leith. Is iad sin:

- comhaontú slánaíochta 2002, a bhí ina cheangal dlí lenar soláthraíodh do ranníocaíochtaí de €128 milliún; agus
- na tairiscintí breise a rinneadh tar éis fhoilsiú Thuarascáil Ryan in 2009, lena n-áirítear airgead agus réadmhaoin ar chuir na cuallachtaí luach €352.61 milliún orthu.

Achoimrítear sa tábla thíos na suimeanna iomlána a tairgeadh faoin dá bhabhta agus na suimeanna a fuarthas go dtí seo. Tá na suimeanna sin comhdhéanta de ranníocaíochtaí airgid agus luach na n-aistrithe réadmhaoine.

| | Tairgthe | Réadaithe |
|---|---|---|
| | €milliún | €milliún |
| Comhaontú slánaíochta 2002 | 128.00 | 124.94 |
| Tairiscintí deonacha 2009 | 352.61 [a] | 117.23 [b] |
| **Iomlán** | **480.61** | **242.17** |

Nóta
[a] Is é €352.61 milliún an luacháil a cheap na cuallachtaí.
[b] Tá aistriú na 16 réadmhaoin sin tugtha chun críche anois ach tá luachálacha le fáil fós i gcás amháin.

**An tsuim iomlán atá amuigh ó chuallachtaí reiligiúnacha**

Fuarthas an t-airgead ar fad a tairgeadh faoi chomhaontú slánaíochta 2002, arbh fhiú €65 mhilliún é. Tá dhá réadmhaoin le haistriú fós ina n-iomláine faoi théarmaí an chomhaontaithe.

Faoi dheireadh 2021, fuarthas ranníocaíochtaí airgid deonacha a tairgeadh in 2009 nó i mblianta ina dhiaidh sin, ar fiú €111.48 milliún iad. Áiríodh leis sin an chéad tráthchuid de ranníocaíocht airgid bhreise de €1 mhilliún i leith fhorbairt Ospidéal Náisiúnta na Leanaí mar a fhoráiltear in Alt 43 den Acht um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe, 2012. Is féidir go bhfaighfear ranníocaíocht bhreise freisin, a eascróidh as diúscairt réadmhaoine áirithe nár glacadh léi lena haistriú chuig an Stát, ach níl na suimeanna atá i gceist ar eolas go fóill. Ranníocaíochtaí deonacha airgid is ea iad seo, ní miste a rá.

Tá 16 réadmhaoin a tairgeadh go deonach in 2009 aistrithe ina n-iomláine agus tá dul chun cinn nach beag déanta maidir leis an dá réadmhaoin eile. Is gá obair eile a dhéanamh chun dul chun cinn a dhéanamh ar thairiscint Chuallacht na mBráithre Críostaí. Tá faichí imeartha ar áireamh sa tairiscint sin.

Ní dócha go mbainfear amach luach iomlán 2009 na dtairiscintí deonacha de bhrí nár glacadh le tairiscintí áirithe agus go raibh luach na réadmhaoine a aistríodh nó a diúscraíodh níos ísle i bhformhór na gcásanna ná an luach a chuir na cuallachtaí orthu. Is féidir go n-athróidh sé sin de réir mar a thugtar na haistrithe réadmhaoine eile chun críche.

**Ceangaltais iomlána sa todhchaí**

Meastar go ndúnfar an Bord um Shásamh agus an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú sa chéad tréimhse eile. Meastar go mbeidh €2 mhilliún de chaiteachas breise i gceist.

Foráladh sa reachtaíocht lenar bunaíodh an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe do thaifid na ndaoine aonair a choimeád faoi rún agus a scrios tráth scor na gcomhlachtaí. Mar sin féin, chinn an Rialtas dá éis go bhféadfadh tábhacht stairiúil chomh mór sin a bheith leis na taifid gur chóir iad a choimeád agus a shéalú sa Chartlann Náisiúnta. Dá thoradh, ní féidir na comhlachtaí um Shásamh a scor go dtí go réiteofar staid dheireanach na dtaifead sin. I mí Dheireadh Fómhair 2020, d’fhógair an Rialtas go mbunófaí Ionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin, rud a bheadh freagrach as taifid a bhaineann le drochúsáid ag forais, lena n-áirítear taifid an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus an Bord um Shásamh. Dá bhrí sin, tá dúnadh na gcomhlachtaí ag brath anois ar dhul chun cinn an chuir chuige uile-rialtais sin.

**Cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 43 den Acht um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe, 2012**

Foráiltear in alt 43 d’Acht 2012, maidir le ranníocaíochtaí ó chuallachtaí is mó ná an teorainn €110 milliún atá leagtha síos in alt 29 den Acht, go gcuirfear iad i gcuntas speisialta in ainm an Aire Sláinte lena n-úsáid le haghaidh cuspóirí a bhaineann le forbairt an ospidéil nua náisiúnta péidiatraice. In 2021, taisceadh ranníocaíocht bhreise de €500,000 sa chuntas speisialta, rud a thug an t-iomlán a bhí taiscthe sa chuntas go €1.479 milliún.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

### 6.2 (A) Íocaíochtaí/costais a tabhaíodh sa bhliain

| | Éilimh Ó fhostaithe | Éilimh ó dhaoine den phobal | Iomlán 2021 | Iomlán 2020 |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcásanna** | | | | |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne í féin | 43 | 809 | 852 | 1,020 |
| Íocaíochtaí a rinneadh leis an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | | |
| Cúiteamh | 60 | 4,849 | 4,909 | 1,094 |
| Costais dlí | 17 | 878 | 895 | 716 |
| Costais eile | — | 265 | 265 | 63 |
| **Iomlán** | **120** | **6,801** | **6,921** | **2,893** |

Nóta a Ag an 31 Nollaig 2021, bhí ina héilimh seo a leanas fós gan íoc:

- Pearsanta 88
- Eile 2

### 6.2 (B) Costais charnacha na gcásanna críochnaithe in 2021

| | Éilimh Ó fhostaithe | Éilimh ó dhaoine den phobal | Iomlán 2021 |
|---|---|---|---|
| **Líon na gcásanna** | 5 | 78 | 83 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne í féin | 43 | 818 | 861 |
| Íocaíochtaí a rinneadh leis an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | |
| Cúiteamh | 71 | 3,934 | 4,005 |
| Costais dlí | 18 | 167 | 185 |
| Costais eile | — | 308 | 308 |
| **Iomlán** | **132** | **5,227** | **5,359** |

## 6.3 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon na gcásanna | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Calaois | — | — | 12 |
| Calaois amhrasta/mírialtachtaí | 4 | 87 | — |
| | | **87** | **12** |

Sa tréimhse idir síniú Chuntais Leithreasa 2020 agus an 31 Márta 2022, cuireadh an Roinn ar an eolas maidir le ceithre chás calaoise amhrasta/mírialtachta. Dúnadh ceann de na cásanna sin. Tá na trí chás eile ar oscailt fós agus níor sainaithníodh aon luach fós i gcás amháin.

## 6.4 Eadráin agus idir-réiteach

Cuimsíonn caiteachas in 2021 íocaíochtaí de €2,935,491 (2020: €4,599,005) a rinneadh le conraitheoirí agus le daoine eile le costais a tháinig as imeachtaí eadrána agus idir-réitigh a chlúdach. Bhí 12 chás ann in 2021 (2020: 14 chás). Cuimsíonn na figiúirí CBL agus táillí dlí agus gairmiúla.

Athshonraíodh figiúirí 2020 chun táillí moltóra nár tuairiscíodh i gCuntas Leithreasa 2020 a chur ar áireamh.

## 6.5 Maoiniú AE

Tá fáltais i ndáil le maoiniú AE a fuarthas le linn 2021 agus a cuireadh i dtaisce i leithreasaí-i-gcabhair mionsonraithe sa tábla thíos:

| Catagóir maoinithe AE | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| B2.3 Tionscadail oideachais CE | 370 | 471 |
| B2.3 Aisíocaíocht ilghnéitheach Chlár PEACE IV | 1,108 | 257 |
| | **1,478** | **728** |

**Tionscadail oideachais an Choimisiúin Eorpaigh**

Áiríodh le fáltais in 2021 faoi thionscadail oideachais an Choimisiúin Eorpaigh íocaíochtaí cúitimh le haghaidh costas riaracháin a tabhaíodh chun riar ar an Lárionad don Scolaíocht Eorpach, Dún Seachlainn, Co. na Mí, agus gníomhaíochtaí a bhain le rannpháirtíocht na hÉireann i Líonra Eolais Euydice de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

**Aisíocaíocht Chlár PEACE IV**

Bhain fáltais a fuarthas in 2021 le caiteachas a tabhaíodh mar chuid de chlár PEACE IV, a oibríonn ar bhonn forchúitimh 80% ón gCoimisiún. Íocann Éire 21% de chostais fhoriomlána an chláir, agus íocann Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann an chuid eile.

## 6.6 Maoiniú díreach AE do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne

I dteannta an deontais ón Vóta, ba é seo a leanas cúnamh díreach AE s tugadh do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcaitheamh 2021:

| An comhlacht faoina coimirce | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) | — | 43 |
| An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas | 31 | — |
| | **31** | **43** |

| An comhlacht faoina coimirce | Cuspóir an chistithe |
|---|---|
| An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas | Tionscadail Ionad Euroguidance |

## 6.7 Díscríobhanna

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain:

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí párolla | 15 | 15 |
| Deontas tuarastail scoile | 9 | — |
| Cuntas fionraí rothaíocht chun na hoibre | 1 | — |
| Clár Leathanbhanda na Scoileanna | — | 1,190 |
| | **25** | **1,205** |

## 6.8 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Glan-ús iomlán a íocadh | **15** | **6** |

## 6.9 Iontaobhais oideachais

Infheistíodh iontaobhais oideachais de €2.421 milliún san iomlán thar ceann na Roinne i gcomhchiste infheistíochta atá faoi mhaoirseacht an Rialálaí Carthanas ag deireadh 2021 (2020: €2.083 milliún). Is é an tAire Oideachais iontaobhaí na n-iontaobhas oideachais seo i gcónaí.

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Oideachais

Tugtar sa tábla seo a leanas liosta de na forais atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil dualgas ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an uair a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste Roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach a iniúchadh | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn í | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| **Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna)** | | | | |
| An Cabhán agus Muineachán | 2020 | M.F. 2021. | D. F.2021 | Samh 2021 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 2020 | Noll 2021 | Noll 2021 | Fea 2022 |
| Corcaigh | 2019 | M.F. 2020 | DF. 2020 | Noll 2020 |
| Dún na nGall | 2020 | M.F. 2021 | M.F. 2021 | Samh 2021 |
| Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire | 2020 | Noll 2021 | Ean 2022 | Már 2022 |
| Gaillimh agus Ros Comáin | 2020 | Ean 2022 | Ean 2022 | Már 2022 |
| Ciarraí | 2019 | Noll 2020 | Ean 2021 | Fea 2021 |
| Cill Dara agus Cill Mhantáin | 2020 | Noll 2021 | Ean 2022 | Már 2022 |
| Cill Chainnigh agus Ceatharlach | 2020 | Ean 2022 | Fea 2022 | A leagan |
| Laois agus Uíbh Fhailí | 2020 | Noll 2021 | Noll 2021 | Fea 2022 |
| Luimneach agus an Clár | 2020 | Noll 2020 | Ean 2021 | Már 2021 |
| An Longfort agus an Iarmhí | 2020 | M.F. 2021 | M.F. 2021 | Samh 2021 |
| Lú agus an Mhí | 2019 | Samh 2020 | Samh 2020 | Ean 2021 |
| Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim | 2019 | Noll 2020 | Ean 2021 | Fea 2021 |
| Tiobraid Árann | 2020 | Noll 2021 | Ean 2022 | Már 2022 |
| Port Láirge agus Loch Garman | 2020 | M.F. 2021 | D. F. 2021 | Samh 2021 |
| **Comhlachtaí faoina coimirce** | | | | |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) | 2020 | Meith 2021 | Meith 2021 | Iúil 2021 |
| An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 2020 | Noll 2021 | Noll 2021 | Noll 2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 2020 | Samh 2021 | Noll 2021 | Ean 2022 |
| An Chomhairle Mhúinteoireachta | 2020 | Iúil 2021 | Iúil 2021 | Le cur faoi bhráid |
| An Foras Taighde ar Oideachas | 2020 | Meith 2021 | Iúil 2021 | M.F. 2021 |
| Caranua | 2020 | Már 2021 | Már 2021 | Iúil 2021 |
| Cuntas Speisialta Sásaimh | 2020 | Lún 2021 | Lún 2021 | M.F. 2021 |

## Aguisín B Tionscadail chaipitil a bhfuil €10 milliún nó níos mó de chaiteachas i gceist iontu

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fo-mhírcheann A.15** | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Meánscoil Foghlaim le Chéile Páirc Hans, Baile Átha Cliath 15 | 17,370 | — | 187 | 17,557 | 17,557 |
| 2 | Gaelscoil na nDéise, Campas Charraig Phiarais, Port Láirge | 15,213 | — | 26 | 15,239 | 15,222 |
| 3 | Naomh Colm Cille, Baile Átha Cliath 16 [a] | 16,326 | — | 342 | 16,668 | 16,617 |
| 4 | Coláiste Pobail Ard Giolláin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 13,653 | — | 166 | 13,819 | 13,756 |
| 5 | Meánscoil Temple Carrig, Cill Mhantáin | 12,855 | — | 391 | 13,246 | 13,195 |
| 6 | Bunscoil Naomh Eoin, Rath Maoláin | 12,861 | 250 | 1,295 | 14,406 | 14,355 |
| 7 | Coláiste Ghlór na Mara, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 14,773 | — | 227 | 15,000 | 14,936 |
| 8 | Foghlaim le Chéile Bhrí Mhór, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 22,835 | — | 1,226 | 24,061 | 24,061 |
| 9 | Meánscoil le Chéile, Mhullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15 | 19,984 | — | 218 | 20,202 | 20,138 |
| 10 | Scoil Pharóiste Phort Laoise, Co. Laoise | 16,326 | 21 | 734 | 17,081 | 16,998 |
| 11 | Scoil Chuimsitheach Newpark, an Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath | 14,106 | — | 481 | 14,587 | 14,536 |
| 12 | Iar-bhunscoil Charraig Uí Leighin, Co. Chorcaí | 14,542 | — | 222 | 14,764 | 14,713 |
| 13 | Foghlaim le Chéile Luimnigh, Mungairit, Luimneach | 12,503 | — | 205 | 12,708 | 12,708 |
| 14 | Scoil Pharóiste Naomh Aodán, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman | 10,932 | — | 497 | 11,429 | 11,243 |

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteach as iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 15 | Scoil Náisiúnta Shráid Mhichíl, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman | 11,065 | — | 409 | 11,474 | 11,474 |
| 16 | Coláiste Sancta Maria, Ráth Fearnáin, Co. Bhaile Átha Cliath | 13,475 | 67 | 3,164 | 16,706 | 16,639 |
| 17 | Coláiste Chluain Caoin, Co. Bhaile Átha Cliath | 12,867 | — | 76 | 12,943 | 12,892 |
| 18 | Pobalcholáiste Chionn tSáile, Co. Chorcaí | 11,943 | 255 | 19 | 12,217 | 11,918 |
| 19 | Meánscoil na mBráithre Críostaí, Sráid Thomáis, Loch Garman | 15,705 | 14 | 186 | 15,905 | 15,840 |
| 20 | Gairmscoil an Inbhir Mhóir, Co. Chill Mhantáin | 12,338 | 8 | 260 | 12,606 | 12,450 |
| 21 | Scoil Phobail, An Clochán, Co. na Gaillimhe | 10,349 | 111 | 40 | 10,500 | 10,450 |
| 22 | Scoil Naofa Oilibhear Pluincéid, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath | 16,585 | 961 | 1,128 | 18,674 | 17,356 |
| 23 | Scoil an Stíobhartaigh, Baile Phámar, Baile Átha Cliath 20 | 16,985 | 2,910 | — | 19,895 | 19,479 |
| 24 | Coláiste Pobail Choill an Rí, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 21,358 | 270 | 19 | 21,647 | 21,469 |
| 25 | Coláiste Mhuire, an Cnoc Beag, Ceatharlach | 16,686 | 102 | 467 | 17,255 | 17,183 |
| 26 | Coláiste na Toirbhearta, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | 20,598 | — | 214 | 20,812 | 20,748 |
| 27 | Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara | 46,993 | 5,009 | 1,061 | 53,063 | 51,702 |
| 28 | Gaelscoil Theach Giuise, Tamhlacht, BÁC 24 | 11,809 | — | 22 | 11,831 | 11,831 |

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 29 | Bunscoil Chlochar na Trócaire, an Nás, Co. Chill Dara | 6,781 | 2,825 | 2,532 | 12,138 | 10,967 |
| 30 | Scoil Náisiúnta Naomh Mochta, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15 | 12,272 | 52 | 258 | 12,582 | 12,501 |
| 31 | Coláiste Thulach Mhór, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí | 11,426 | 10 | 105 | 11,541 | 11,541 |
| 32 | Scoil Speisialta an Teaghlaigh Naofa, Muinchille, Co. An Chabháin | 11,407 | 3,740 | 1,007 | 16,154 | 15,835 |
| 33 | Bunscoil CBS, An Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir | 11,357 | 189 | 134 | 11,680 | 11,625 |
| 34 | Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Iarthar na Cathrach, Lána Bhaile an Fhoirtcheirn, Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24 | 14,324 | 270 | 15 | 14,609 | 14,558 |
| 35 | Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile, Droim na Gaoithe, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe | 15,078 | 271 | 61 | 15,410 | 15,277 |
| 36 | Gairmscoil Mhuire, Béal Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | 22,440 | 860 | 362 | 23,662 | 22,948 |
| 37 | Pobalcholáiste Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliatha | 16,529 | 750 | 485 | 17,764 | 16,615 |
| 38 | Coláiste Dháibhís, Mala, Co. Chorcaí | 11,976 | 462 | 322 | 12,760 | 12,670 |
| 39 | Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh | 20,147 | 939 | 405 | 21,491 | 20,135 |
| 40 | Scoil Náisiúnta Bhríde, Cnoc Maí, Port Laoise, Co. Laoise | 9,951 | — | 157 | 10,108 | 10,058 |
| 41 | Scoil Náisiúnta Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath | 11,032 | — | 107 | 11,139 | 11,088 |

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 42 | Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Columba, Dúglas Thiar, Co. Chorcaí | 14,426 | 253 | 338 | 15,017 | 14,895 |
| 43 | Scoil Phádraig, Bohreen Hill, Inis Córthaidh, Co. L. G. | 14,846 | 3,021 | 524 | 18,391 | 16,646 |
| 44 | Pobalcholáiste Chloch na Coillte, Cloch na Coillte, Co. Chorcaí | 11,234 | 669 | 112 | 12,015 | 11,821 |
| 45 | Scoil Náisiúnta Oideachas Le Chéile Bhaile an Phaoraigh, Baile an Tírialaigh, Baile Átha Cliath 15 | 10,822 | 74 | 147 | 11,043 | 11,016 |
| 46 | Iar-bhunscoil Shord, Sord, Co. B.A.C. | 26,713 | 279 | 657 | 27,649 | 27,540 |
| 47 | Pobalcholáiste Nás, Nás, Co. Chill Dara | 9,364 | 11,474 | 3,597 | 24,435 | 24,223 |
| 48 | Coláiste Chiaráin, Cnoc an tSamhraidh, Baile Átha Luain, Co. Ros Comáin | 23,613 | 875 | 410 | 24,898 | 24,692 |
| 49 | Páirc na nGrás, Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile, Droim Conrach, BÁC 9 | 12,116 | 335 | 178 | 12,629 | 12,462 |
| 50 | Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí | 21,992 | 16,745 | 882 | 39,619 | 38,042 |
| 51 | Scoil Náisiúnta Naomh Pól, An Uaimh, Co. na Mí | 8,174 | 4,953 | 81 | 13,208 | 12,286 |
| 52 | Scoil Náisiúnta Buachaillí Mhá Nuad, Má Nuad, Co. Chill Dara | 899 | 4,780 | 6,872 | 12,551 | 11,913 |
| 53 | Scoil Náisiúnta Conleth agus Mhuire, an Droichead Nua, Co. Chill Dara | 977 | 5,231 | 10,282 | 16,490 | 15,325 |
| 54 | Scoil Náisiúnta Phádraig, An Chorr Dhubh, BÁC 15 | 1,790 | 3,701 | 12,581 | 18,072 | 17,876 |

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 55 | Meánscoil Naomh Pól, Mainistir Eibhín, Co. Chill Dara | 2,443 | 7,913 | 12,791 | 23,147 | 22,321 |
| 56 | Meánscoil an Teaghlaigh Ró-Naofa Naomh Daithí, Bóthar Kimberly, Na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin | 1,132 | 6,463 | 8,479 | 16,074 | 15,809 |
| 57 | Meánscoil Mhuire, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo | 1,233 | 7,217 | 6,535 | 14,985 | 14,807 |
| 58 | Pobalcholáiste Naomh Colmán, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí | 16,586 | 791 | 316 | 17,693 | 17,490 |
| 59 | Coláiste Ráth Tó, Ráth Tó, Co. na Mí | 9,407 | 1,454 | 183 | 11,044 | 10,623 |
| 60 | Pobalcholáiste Naomh Conleth, An Droichead Nua, Co. Chill Dara | 10,864 | 5 | 124 | 10,993 | 10,988 |
| 61 | Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7, Plás Fitzwilliam, BÁC 7 | 1,157 | 6,556 | 8,510 | 16,223 | 15,436 |
| 62 | Ag Foghlaim le Chéile, Páirc na Silíní, An Naigín, Baile Átha Cliath 18 [a, b] | 17 | 2,903 | 12,395 | 15,315 | — |
| 63 | Pobalscoil na hAbhann Duibhe, Lios Mór [a, b] | 763 | 3,403 | 13,656 | 17,822 | — |
| 64 | Ag Foghlaim le Chéile, Meánscoile Mhullach Íde agus Phort Mearnóg, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath [a, b] | 472 | 6,849 | 9,740 | 17,061 | — |
| 65 | Coláiste Éamonn Rís, Baile an Chairpintéaraigh/Caisleán Cnucha, BÁC 15 [a, b] | 174 | 7,586 | 20,276 | 28,036 | — |
| 66 | Meán Scoil an Chlochair, Cill Bheagáin [a, b] | 673 | 1,033 | 20,247 | 21,953 | — |
| 67 | Scoil Mhuire gan Smál, An Bhlarna [a, b] | 1,139 | 6,237 | 21,322 | 28,698 | — |

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 68 | Ag Foghlaim le Chéile Dhúglas/ Bhaile an Róistigh (Cnoc Carr) [a, b] | 340 | 4,128 | 14,919 | 19,387 | — |
| 69 | Ag Foghlaim Chéile, Baile an tSaoir, BÁC 16 [a, b] | 289 | 4,115 | 14,880 | 19,284 | — |
| 70 | Ag Foghlaim le Chéile, Baile an Pheiléid, BÁC 15 [a, b] | 600 | 3,194 | 9,300 | 13,094 | — |
| 71 | Pobalscoil Inis Díomain, Co. an Chláir [a, b] | 1,443 | 3,518 | 25,638 | 30,599 | — |
| 72 | Gaelscoil Cnoc Liamha, Cnoc Lín, BÁC 16 [a, b] | 128 | 3,095 | 8,722 | 11,945 | — |
| 73 | Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Pádraig, Claonadh, Co. Chill Dara [a, b] | 466 | 194 | 12,693 | 13,353 | — |
| 74 | Scoil Mhuire, Domhnach Broc, BÁC 4 [a, b] | 845 | 4,423 | 6,556 | 11,824 | — |
| 75 | Scoil Mhichil Naofa, Áth Í, Co. Chill Dara [a, b] | 302 | 207 | 12,830 | 13,339 | — |
| 76 | Gaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí, Co Chiarraí [a, b] | 922 | 5,069 | 11,497 | 17,488 | — |
| 77 | Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí, Luimneach [a, b] | 1,158 | 500 | 21,342 | 23,000 | — |
| 78 | Scoil an Athar Tadhg, Contae Chorcaí Thoir [a, b] | 437 | 337 | 9,370 | 10,144 | |
| 79 | Scoil Speisialta na nAingeal Beag, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall [a, b] | 534 | 89 | 15,793 | 16,416 | — |
| | **Iomlán [f]** | **838,245** | **160,015** | **354,007** | **1,352,267** | **1,003,495** |

Nóta [a] Rinneadh gealltanais chonarthacha maidir le tionscadail in 2021 i gcás ocht scoil déag nua.

[b] Athshonraíodh an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 agus an caiteachas iomlán ionchasach caiteachas thar shaolré an tionscadail do 2020 go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

- tionscadail scoile nua atá geallta de réir conartha in 2021 ina bhfuil caiteachas roimh 2021 curtha ar áireamh anois
- tionscadal a baineadh de réir mar a tugadh chun críche iad, nó tá costas iomlán an tionscadail faoi bhun na tairsí €10m anois nó tá an ceangaltas gan íoc faoi bhun €10,000.

**Difríochtaí suntasacha - Fo-mhírcheann A.15**

Tugtar míniú thíos i gcás inar tháinig méadú/laghdú is mó ná €500,000 ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2021 ar an gcaiteachas iomlán réamh-mheasta.

**22 Scoil Naofa Oilibhear Pluincéid, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.318 milliún*

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe i leith iarrataí arna maoiniú ag an mBord Bainistíochta, ithir éillithe, astú aeir, barrithir, réamhshamhlacha agus árachas breise, athruithe meicniúla, tógáil cloiche bhreise suas go dtí an chúirt liathróide agus an carrchlós, píobáin uisce báistí bhreise agus duchtú breise agus oibreacha riachtanacha eile ar dhoirse, ráillí cosanta breise agus painéil ghréine suiteáilte.

**27 Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.362 milliún*

Bhain an méadú ar cheangaltais go príomha le hathsheicheamhú an chláir oibreacha do thionscadal campas na scoile, a raibh tionchar ag moilleanna a bhain le paindéim Covid-19. Bhí sé sin riachtanach chun a chinntiú go raibh ceann de na scoileanna ar an gcampas in ann an suíomh a oscailt i mí Mheán Fómhair 2021, chun freastal ar riachtanais phráinneacha rollaithe na scoileanna. Tabhaíodh táillí foirne deartha breise a bhain leis an gceist sin freisin.

**29 Bunscoil Chlochar na Trócaire, an Nás, Co. Chill Dara**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.171 milliún*

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe mar chuid den chonradh oibreacha cumasúcháin chun an foirgneamh a dhéanamh aimsirdhíonach tar éis deireadh a bheith tagtha le hoibleagáid an chonraitheora roimhe na hoibreacha a chríochnú. Deisiúcháin ar dhíon sealadach na scoile, gloiniú a bhfuil damáiste déanta dó ag an aimsir, scafall a athsholáthar, coincréit dhaite ó aimsir a ghlanadh, etc., chun deimhniú a bhaint amach roimh thairiscintí le haghaidh conradh oibreacha críochnaithe.

**36 Gairmscoil Mhuire, Béal Átha an Rí, Co. na Gaillimhe**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €715,000*

Bhain an méadú ar cheangaltais le suiteáil cosán sealadach chun sábháilteacht a chinntiú do dhaltaí ar oscailt na scoile agus iad ag fanacht le droichead coise ó Chomhairle Contae na Gaillimhe

agus folaíonn sé freisin slándáil, fálú, athruithe ar leagan amach an tseomra agus táillí foirne deartha breise.

**37 Pobalcholáiste Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.149 milliún*

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe i ndáil le feistis bhreise ar fhuinneoga, cóiríocht shealadach a choinneáil, fostruchtúr a atomhas, deighiltí stoda agus síleálacha plástarchlár, athrú ar shuíomh an lasc-sheomra, tairr sheachtrach, athruithe ar aláram dóiteáin agus riachtanais bhreise stad dóiteáin, athruithe agus fórsa oibre breise ag teastáil le linn chéim 1, oibreacha riachtanacha ar an gcóras draenála agus uisce bhréin, athruithe ilghnéitheacha eile a mheastar a bheith riachtanach agus Céatadán don Ealaín agus d'fhóntais.

**39 Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.356 milliún*

Tharla an méadú ar cheangaltais maidir leis an tionscadal seo go príomha mar gheall ar orduithe athraithe a bhain le saincheisteanna breise maidir le coinníollacha talún agus costais mhoille a bhain leo sin.

**43 Scoil Phádraig, Bohreen Hill, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.745 milliún*

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe maidir le sábháilteacht dóiteáin, bracadh cruach breise, soláthairtí breise leictreachais mar a theastaíonn i scoil speisialta, athruithe ar uisce bréan agus príomhlíonra, caidéil treiseora agus éileamh ar Shíneadh Ama.

**50 Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.577 milliún*

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe maidir leis an ngá gan choinne le hamhábhair bhreise a sholáthar don tionscadal, cruach go príomha, chun saincheisteanna a bhaineann le dearadh an tionscadail a réiteach.

**51 Scoil Náisiúnta Naomh Pól, An Uaimh, Co. na Mí**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €922,000*

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe i ndáil le dálaí talún gan choinne, pointí luchtaithe carranna agus obair duchtaireachta don leathanbhanda agus Céatadán don Ealaín agus d'fhóntais.

**52 Scoil Náisiúnta Buachaillí Mhá Nuad, Má Nuad, Co. Chill Dara**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €637,000*

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe do bhearta breise chun tógáil shábháilte a chinntiú le linn éigeandáil Covid-19, oibreacha breise leictreacha agus meicniúla lena n-áirítear pointí sonraí, cáblaí agus luchtairí feithiclí leictreacha, tochailt agus baint ithir éillithe, trinseáil do BSL.

**53 Scoil Náisiúnta Conleth agus Mhuire, an Droichead Nua, Co. Chill Dara**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.165 milliún*

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe maidir le bearta breise chun tógáil shábháilte a chinntiú le linn éigeandáil Covid-19, suiteáil cóiríochta breise do bhunáit SNU le linn na tógála, gineadóir chuig cóiríocht shealadach roimh ré nó nasc BSL, bailchríocha breise ar bhallaí inmheánacha mar chuid den athchóiriú, cáblaí sonraí chuig cóiríocht shealadach.

**55 Meánscoil Naomh Pól, Mainistir Eibhín, Co. Chill Dara**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €827,000*

Costais fóntais a próiseáladh in 2021 ba chúis leis an méadú ar cheangaltais go príomha. Baineann formhór na gcostas breise sin go díreach le táillí ceangail ó Uisce Éireann le haghaidh oibreacha chun cóiríocht na scoile a nascadh leis an bpríomhlíonra uisce.

**61 Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7, Plás Fitzwilliam, Baile Átha Cliath 7**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €787,000*

Ba é ba chúis leis an méadú ar cheangaltais go príomha ná méaduithe ar chostais a d’eascair as cur i bhfeidhm an chreata um chomhar Covid-19 i gcomhréir le treoir an Rialtais, chomh maith le méadú ar tháillí foirne dearaidh a bhain le hathruithe éagsúla ar raon feidhme bunaidh na seirbhíse don fhoireann dearaidh.

## Aguisín C Nóta Faisnéise ar Thionscadail Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna)

Ag deireadh 2021, bhí sé chonradh ag an Roinn chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil, faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP). Is é atá i gceist le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí ná socruithe struchtúrtha idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le soláthar a dhéanamh ar thionscadail bhonneagair a sholáthar a sholáthrófaí iad, murach iad, trí shásraí traidisiúnta soláthair, agus an caiteachas gaolmhar tógála le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm Muirear Aonadach míosúil thar 25 bliana, agus bíonn an chéad Mhuirear Aonadach iníoctha a luaithe atá an tógáil críochnaithe.

Go dtí seo, ba é an tairgeoir roghnaithe a rinne tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí san oideachas a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil (DBFM).

Tá sé thionscadal scoile ann - Treoirscoileanna, agus Beartáin Scoile 1, 2, 3, 4 agus 5. Tá soláthar do thréimhse oibríochtúil 25 bliana i gceist i ngach ceann de na sé chonradh. Beidh na foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit ar feadh ré an chonartha, agus deonófar ceadúnas don Chuideachta Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) chun na saoráidí a thógáil agus a chothabháil ar feadh tréimhse 25 bliana.

**Cúig Threoirscoil CPP**

Tá na cúig iar-bhunscoil sa bheartán Treoirscoileanna CPP lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh; i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith Cúig Threoirscoil CPP a shíniú le Jarvis Projects Ltd i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

**An Chéad Bheartán Scoileanna CPP**

Is i Márta 2009 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun na ceithre iar-bhunscoil i bPort Laoise, Contae Laoise (dhá scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann acu i gContae Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh gach ceann de na ceithre scoil sin ag feidhmiú i Meán Fómhair 2010.

**An Dara Beartán Scoileanna CPP**

Is i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú i dTeampall Bheirchín, Co. Chill Mhantáin; i mBaile Átha Buí, Co. na Mí; i mBaile Chill Dara, Co. Chill Dara; i Mainistir na Féile, Co. Luimnigh; agus i mBeanntraí, Co. Chorcaí (dhá scoil). Thosaigh gach ceann de na scoileanna sin ag feidhmiú idir Iúil agus Deireadh Fómhair 2011.

**An Tríú Beartán Scoileanna CPP**

Seacht n-iar-bhunscoil agus bunscoil amháin atá sa Tríú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite i mBéal an Átha Móir, Co. Liatroma; i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall; i nGuaire, Co. Loch Garman; i nDabhach Uisce, Co. na Gaillimhe (2 scoil); i nDún Bleisce, Co. Luimnigh; i dTrá Mhór, Co. Phort Láirge; agus i mBaile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Is i Samhain 2012 a síníodh conradh le BAM PPP PGGM Infrastructure Cooperative UA chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na hocht scoil sin ag feidhmiú idir Samhain 2013 agus Bealtaine 2014.

**An Ceathrú Beartán Scoileanna CPP**

Ceithre iar-bhunscoil atá sa Cheathrú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite ar an Tulach, Co. an Chláir; i Sciobairín, Co. Chorcaí; i nDún Dealgan, Co. Lú agus i gCarraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann. Is i Nollaig 2014 a síníodh an conradh le CPP BAM chun ceithre iar-bhunscoil a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na scoileanna sin ag feidhmiú idir Márta agus Bealtaine 2016.

**An Cúigiú Beartán Scoileanna CPP**

Tá ceithre iar-bhunscoil, bunscoil amháin agus coláiste breisoideachais amháin sa chúigiú Beartán CPP. Tá siad suite i gCeatharlach (scoil amháin agus Coláiste Breisoideachais amháin); i gCeanannas, Co. na Mí; i mBré, Co. Chill Mhantáin (dhá scoil); agus i Loch Garman. In Iúil 2016, síníodh conradh le Inspired Spaces Bundle 5 (Ireland) Ltd. chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. Cuireadh tús feidhme leis an tseirbhís in dhá scoil i mBré agus i gceann amháin i Loch Garman in 2018. Cuireadh tús leis an tseirbhís sa scoil i gCeanannas i Meitheamh 2019 agus bhain an scoil eile a bhí fágtha agus an institiúid breisoideachais i gCeatharlach tús seirbhíse amach in Iúil agus i Lúnasa 2019 faoi seach.

## Aguisín D Maoiniú díreach ó Vóta 26 do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (de réir fo-mhírchinn)

Liostaítear sa tábla seo a leanas an maoiniú díreach a tugadh do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (Boird) i rith 2021 de réir fo-mhírchinn, agus suimeanna comparáideacha do 2020 tugtha.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | Suim an mhaoinithe don Bhord | Suim an mhaoinithe don Bhord |
| | | €000 | €000 |
| **Clár A - Oideachas chéad leibhéil, oideachas dara leibhéal agus oideachas sna luathbhlianta** | | | |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do bhunmhúinteoirí | 243 | 25 |
| A.5 | Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna i ndáil le tuarastail múinteoirí na mBord | 667,343 | 628,141 |
| A.6 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do chúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | 49,318 | 45,227 |
| A.7 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do bhaill foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a áireamh) | 75,406 | 82,434 |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | 1,323 | 610 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) is iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna agus le heagraíochtaí agus institiúidí eile oideachais | 102,357 | 101,873 |
| A.11 | Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn sna hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile | 367 | 380 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | 1,933 | 2,079 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | 16,622 | 18,602 |
| A.15 | Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | 164,477 | 169,022 |
| A.16 | Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí | 18 | 12 |
| **Móriomlán na ndeontas a íocadh le Boird Oideachais agus Oiliúna** | | **1,079,407** | **1,048,405** |